safefood

# Tuarascáil Bhliantúil 2020








**Sláinte agus folláine an phobail a chothú trí shábháilteacht bia agus nósanna sláintiúla itheacháin a chur chun cinn ar oileán na hÉireann**

# Clár Ábhar

## Taighde

Spriocdhírigh ***safe*****food** ar bhearnaí eolais ábhartha trí thús áite a thabhairt dá chuid taighde trí chlár struchtúrtha faire fáistine.


Forbhreathnú ar thionscadail taighde 08

Foilseacháin 11


## Líonraí

Chruthaigh líonraí ***safe*****food** timpeallachtaí dinimiciúla fiúntacha le haghaidh faisnéis a mhalartú le leas frithpháirteach geallsealbhóirí.


An Líonra Eolais 12

Tionscnaimh Bhia Pobail 18

An Líonra Bochtaineachta Bia Uile-oileáin 20

An Fóram um Ghníomhaíocht Uile-oileáin ar Mhurtall 21

Obair i gcomhpháirt 22


## Oideachas

Soláthraíonn ***safe*****food** acmhainní, faisnéis úsáideach agus naisc úsáideacha do na daoine sin a oibríonn san earnáil oideachais.


Oideachas 24

## Na meáin dhigiteacha agus shóisialta

Thug feachtais ildisciplíneacha ***safe*****food** cumhacht agus tacaíocht do dhaoine aonair chun iompraíocht a athrú go dearfach.

Na meáin dhigiteacha agus shóisialta 25

## Feachtais

Baineann ***safe*****food** úsáid as na meáin dhigiteacha agus shóisialta chun a chinntiú go sroichfimid ár spriocphobail ar na hardáin a úsáideann siad, áit a mbainimid leas as láidreachtaí gach cainéil chun idirchaidreamh a dhéanamh le daoine, chun eolas a thabhairt dóibh agus chun difear a dhéanamh do na hiompraíochtaí a bhaineann le bia.

Murtall i measc leanaí 26
Ní lámh 28
Bunathraigh do Thralaí 30
Operation Transformation 30
Feachtas sábháilteachta bia na Nollag 31
An lá domhanda sábháilteachta bia 32
Fulacht 31

## Oibríochtaí Corparáideacha

Imríonn an Stiúrthóireacht um Oibríochtaí Corparáideacha ról tábhachtach i dtacú leis an soláthar clár agus gníomhaíochtaí fud fad na heagraíochta.

An Bord Comhairleach 34
An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca 35
Cearta an duine agus comhionannas 35
An Coiste Comhairleach 36
Nochtadh cosanta 36
Plean Gnó 2021 36
Dearbhú leasanna 36
An caidreamh a rinne *safe*food le príomh-gheallsealbhóirí 36
Tuarascáil maidir le Luach Saothair 37

## Cuntais

Brollach leis na cuntais 41
Ráiteas faoi fhreagrachtaí 43
Ráiteas faoi rialú inmheánach/ráiteas rialachais 44
Deimhniú agus tuarascáil ó na hArd-Reachtairí Cuntas agus Ciste 46
Ráiteas faoi ioncam agus caiteachas 48
Ráiteas faoi ioncam cuimsitheach 49
Ráiteas faoin staid airgeadais 50
Ráiteas faoi shreabhadh airgid 51
Ráiteas faoi athruithe i gcothromas 52
Nótaí leis na cuntais 53
Aguisín 1 - ordachán cuntas 69



# Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh

Nuair a bhreathnaím siar ar an mbliain seo, is é an chéad rud a thagann isteach i m'intinn ná daoine agus an dóigh ar tháinig athrú ó bhonn ar a saol de bharr thús phaindéim Covid-19. Bíodh siad ag iarraidh scolaíocht bhaile agus obair ón mbaile a láimhseáil ag an aon am amháin, bíodh siad ag déileáil le caillteanas post nó bíodh siad ag tabhairt cúram do dhaoine muinteartha atá soghonta, ba bhliain a bhí lán de chur isteach agus d'éiginnteacht í an bhliain seo atá imithe thart. Rud eile atá ag dul i bhfeidhm go mór orm is ea díograis agus tiomantas na ndaoine a oibríonn i dtúslíne na sláinte poiblí. Is eiseamláir iad de scoth na seirbhíse poiblí. In ***safe*food**, thaispeáin ár mbaill foirne an-chuid solúbthachta, inoiriúnaitheachta agus nuálaíochta chun cur ar ár gcumas leanúint dár gcuid oibre ar shábháilteacht bia agus bia sláintiúil a chur chun cinn le linn tréimhse suaite a d'eascair as paindéim dhomhanda. Agus iad ag obair in imthosca dúshlánacha, lean ár mbaill foirne d'aschuir thábhachtacha a sholáthar ar fud ár bpunainne taighde, ár dtionscnamh oideachais, ár gclár pobail agus ár ngníomhaíochtaí cumarsáide.

roinnt tionscadal nua taighde le linn na bliana freisin. Bhain siad le topaicí amhail tuiscint tomhaltóirí ar fhaisnéis faoi ailléirginí agus conas inbhuanaitheacht a chomhtháthú isteach i dtreoirlínte náisiúnta um bia sláintiúil. Táim cinnte gurb é an toradh a bheidh ar ár dtionscadail eile taighde go soláthrófar aschuir phraiticiúla agus léargais a mbeidh tionchar fadtéarmach acu trínár gcuid oibre ar son shláinte na ndaoine ar an oileán.

Bhí tionchar suntasach ag na srianta a d'eascair as paindéim Covid-19 ar obair ár Líonra Eolais, a bhfuil mar aidhm aige timpeallacht fhiúntach le haghaidh malartú eolais agus líonrú pearsanta a thabhairt do ghairmithe bia. D'ainneoin na paindéime, bhí mo chomhghleacaithe in ann ár gcuid imeachtaí agus seimineár oiliúna i bpearsa a aistriú chuig ardáin fhíorúla. Óstáladh 16 imeacht sa bhliain. Bhí freastal maith orthu agus fuarthas aiseolas dearfach ina leith. Léiriú ar an dóigh ar féidir le cainéil nua cabhrú le topaicí atá spéisiúil do bhaill a sholáthar am ar bith a roghnaíonn siad is ea tabhairt isteach na sraithe tiomnaithe podchraoltaí don líonra.

Is mór an chreidiúint don fhoireann a bhainistíonn an Líonra gur mhéadaigh an líon ball faoi 176 dhuine sa bhliain 2020. Cuid dhílis dár gcur chuige comhpháirtíochta is ea obair i gcomhar le daoine agus bualadh leo, agus táimid ag súil le fáilte a chur i bpearsa roimh na baill nua agus na baill a bhí ann cheana de réir mar a mhaolaítear na srianta. Rinne an phaindéim difear d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide sa tionscal bia freisin. Chun tacú le riachtanais na bhfiontar sin, chuireamar tús i mbliana le hacmhainn ríomhfhoghlama a fhorbairt chun béim a leagan ar a thábhachtaí atá sábháilteacht bia agus chun comhairle phraiticiúil a thabhairt don earnáil seo. Is é atá san acmhainn sin ná tionscadal iontach a rachaidh chun tairbhe do na daoine sin a oibríonn san earnáil bia agus dá gcustaiméirí toisc sábháilteacht bia a bheith níos fearr.

Maidir lenár scéim um Thionscnaimh Bhia Pobail, a thacaíonn le tionscadail i bpobail faoi mhíbhuntáiste, chuaigh sí i dtaithí ar na cúrsaí freisin sa bhliain trí chláir phraiticiúla oideachais bia a sholáthar go cianda. Sampla amháin ba ea clár cócarála ceithre seachtaine ar fhreastail 57 dteaghlach air agus lenar tairgeadh comhábhair shláintiúla bhéilí a seachadadh chun an tí, le tacaíocht ó fhíseáin YouTube inar taispeánadh conas béile sláintiúil a ullmhú agus a chócaráil. Chabhraigh ár gcuid oibre le Comhghuaillíocht na nIonad Maireachtála Sláintiúla i dTuaisceart Éireann ar an gclár 'Bunathraigh do Thralaí' leis an gclár pobaltreoraithe seo cur leis an eolas ar shiopadóireacht bia agus ar phleanáil béilí, agus muinín na rannpháirtithe as a scileanna cócarála á méadú ag an am céanna. Ag obair dó i gcomhpháirt le Gníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Chaighdeáin Bhia, lean ár Líonra Bochtaineachta Bia lena obair thábhachtach trí sheimineáir Ghréasáin dá mbaill a óstáil. Bhí fadhb na bochtaineachta bia agus na neamhshlándála bia le feiceáil go soiléir le linn na paindéime agus táimid tiomanta do chabhrú le cur chuige straitéiseach a chomhordú i leith dul i ngleic leis an bhfadhbh sin. Chomh maith leis sin, lean an Fóram um Ghníomhaíocht ar Mhurtall le príomhchainteoirí sláinte poiblí a thabhairt chuig a imeachtaí leathbhliantúla, cé gur seoladh iad i dtimpeallacht ar líne. Áiríodh leis na topaicí a pléadh cé chomh hinchreidte is atá an fhaisnéis ar líne faoi réimeanna bia, agus conas a mhargaítear bia míshláintiúil do leanaí sa saol digiteach.

Gné den phaindéim ba ea scolaíocht bhaile, agus cuireadh ár n-acmhainní oideachais in oiriúint chun tacú le múinteoirí agus leanaí trí fhoghlaim fhíorúil fheabhsaithe a chur ar fáil. Bhí ár gclár reatha 'Ní lámh le Rufus' do leanaí réamhscoile agus bunscoile níos ábhartha ná ag am ar bith riamh, agus é ag cabhrú le leanaí foghlaim ar bhealach spraíúil mealltach faoina thábhachtaí a bhíonn ní lámh. Táimid ag leanúint lenár n-ábhair oideachais a chur in oiriúint chun freastal ar riachtanais teagaisc ar líne agus chun acmhainní foghlama cumaisc a thairiscint chun freastal ar éilimh sa todhchaí.

Bhí a ndúshláin féin le sárú ag ár bhfeachtais feasachta poiblí, agus iad ag obair i dtimpeallacht ina raibh na teachtaireachtaí sláinte poiblí ag díriú go huile is go hiomlán, beagnach, ar dhul i ngleic le paindéim Covid-19. Le haghaidh an fheachtais "START" uainn, rud lena spreagtar teaghlaigh chun an chéad chéim a thógáil i dtreo stíl mhaireachtála níos sláintiúla, d'óstálamar sraith agallamh aghaidh ar aghaidh ar líne le tuismitheoirí sa bhliain chun tuiscint níos fearr a ghnóthú ar a saol le linn na paindéime agus ar na brúnna a raibh siad ag déileáil leo. D'ainneoin phaindéim Covid-19 í féin, nochtadh sna hagallaimh sin a lán príomh-shaincheisteanna imní atá ag tuismitheoirí agus tugadh léargais fíorshaoil a úsáideadh chun eolas a dhéanamh don fheachtas START, a craoladh i mí na Bealtaine, i mí Lúnasa agus i mí na Samhna. Mar thoradh ar na léargais sin ó thuismitheoirí, cinntíodh go mbeadh an feachtas ina iomláine praiticiúil agus ábhartha. Ós rud é go ndearna na srianta le tionól daoine i suíomhanna sóisialta difear do cheiliúradh traidisiúnta na Nollag, díríodh i bhfeachtas sábháilteachta bia na Nollag uainn ar chócairí baile, agus béim bhreise á leagan ar chabhrú le cócairí núíosacha. Trí úsáid a bhaint as cumarsáidí Gréasáin, sóisialta agus digiteacha agus as formáidí nua amhail Google Assist agus Alexa, cinntíodh go gcomhroinnfí ár gcomhairle sábháilteachta bia chomh leathan agus ab fhéidir; bhí ár n-áireamhán ar líne le haghaidh turcaí a chócaráil ar an leathanach Gréasáin ba mhó amharc ar ár suíomh Gréasáin sa bhliain.

Ós rud é gur sainordaíodh aistriú chuig an obair ón mbaile leis na bearta sláinte poiblí, bhí acmhainn ár Stiúrthóireachta um Oibríochtaí Corparáideacha ríthábhachtach ina chinntiú go ndéanfaí an t-aistriú sin go tapa agus go réidh. Is creidiúint d'obair fholaithe na Stiúrthóireachta gur éirigh leis an eagraíocht oibriú go héifeachtúil gan bhriseadh fud fad na paindéime. Thaispeáin mo chomhghleacaithe san eagraíocht idir sholúbthacht agus ghairmiúlacht ina chinntiú go leanfaí lenár gcuid oibre agus go gcomhlíonfaí ár sainordú.

In ***safe*food**, táimid ag déileáil leis na dúshláin a d'eascair as an timpeallacht bia, as athruithe ar an dóigh a n-itear bia, as nósanna athraithe ó thaobh úsáid na meán de, agus as na móréiginnteachtaí struchtúracha a bhaineann leis an mBreatimeacht. D'éirigh an-chuid díobh sin níos measa sa 12 mhí seo atá imithe thart de dheasca thionchar phaindéim Covid-19 ar an saol laethúil. Cuid dhílis dár gcuid oibre i gcónaí, fiú nuair a bhímid ag déileáil le roinnt mhaith éiginnteachta, is ea an cur chuige comhpháirtíochta a ghlacaimid i leith dul i ngleic le fadhbanna comhroinnte sláinte poiblí ar an oileán. Thar ceann Bhord Comhairleach ***safe*food** agus mo chomhghleacaithe uile, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na daoine, na gníomhaireachtaí agus na heagraíochtaí uile a oibríonn linn. Táimid ag súil leis na laethanta níos fearr atá romhainn agus le deiseanna a bheimid in ann a thapú le chéile sa todhchaí.

Raymond Dolan

Raymond Dolan

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

# Sracfhéachaint ar 2020

**Eanáir**

Urraíodh Operation Transformation ar RTÉ

**Márta**

Covid-19

Máistir-ranganna in ailléirginí bia

D'fhorbair ***safe*food** plean gníomhaíochta um éifeachtúlacht acmhainní, ar aon dul le tosaíochtaí inbhuanaitheachta

**Bealtaine**

Feachtas Fulachta Samhraidh – *Well Done*

Sheol ***safe*food** an chéad sraith podchraoltaí uaidh.

**Meith.**

Seimineár Gréasáin an Fhóraim um Ghníomhaíocht Uile-oileáin ar Mhurtall

**Meith.**

An lá domhanda sábháilteachta bia – *Ná nigh sicín amh*

**Iúil**

Cheap CATT Coiste Comhairleach nua ***safe*food** go foirmiúil

Seimineár Gréasáin ón Líonra Eolais – SARS-Cov-2 agus víris bhia-iompartha sa tionscal bia

**Lúnasa**

Seoladh an suíomh nua ***safe*food**.net

Fíoraíodh ár gcuntas ar Instagram agus shroicheamar **5,000** leantóir

Sheol ***safe*food** físeáin Fakeaway mar roghanna sláintiúla eile ar na **cúig** phríomhbhéile le tabhairt leat

Seimineár Gréasáin ón Líonra Eolais – *Pacáistíocht bia: an rogha cheart a dhéanamh le haghaidh do tháirge*

**MF**

Oiliúint ar líne le haghaidh oiliúint saotharlainne tástála bia poiblí – iniúchóireacht inmheánach ISO/IEC 1725:2017

**DF**

Seimineár Gréasáin ar bhochtaineacht bia uile-oileáin

Foilsíodh treoirlínte maidir le bia sláintiúil do leanaí idir aon bhliain d'aois agus cúig bliana d'aois.

Oiliúint ar líne le haghaidh oiliúint saotharlainne tástála bia poiblí – Riar córas bainistíochta faisnéise saotharlainne (LIMS)

Seimineáir Ghréasáin ón Líonra Eolais:

*Tábhacht na hiniúchóireachta inmheánaí maidir le sábháilteacht bia a chothabháil*

*Tús eolais do ghnólachtaí beaga bia ar sheilfré táirgí*

*An t-eolas is deireanaí ar hipiríogaireacht bainne*

**DF**

*Sábháilteacht éifeachtach bia: cuid I agus cuid II*

*Ailléirginí: cé atá freagrach astu?*

**Samhain**

Bunathraigh do Thralaí

An feachtas START

Seimineár Gréasáin ón Líonra Eolais – *rioscaí éiritheacha sa bhia mara*

**Nollaig**

Feachtas sábháilteachta bia na Nollag

Oiliúint ar líne – bainistíocht phraiticiúil ailléirginí (1) do dhéantóirí (2) do lónadóirí

# Ár dTaighde



Maidir leis an obair a dhéanann ***safe*food** ar shábháilteacht bia, cothú agus bia sláintiúil, tá sí spriocdhírithe ar an mbiashlabhra ina iomláine. Dá bharr sin, is fíor sin freisin i gcás ár dtaighde. Ceann amháin de phríomhfheidhmeanna ***safe*food** is ea 'glacadh coiteann a chruthú gur ar tháirgeoirí, próiseálaithe agus dáileoirí ar gach leibhéal, ar lónadóirí agus ar an bpobal atá an fhreagracht as bia sábháilte a sholáthar'. Chuige sin, cuireann ***safe*food** an biashlabhra ar fad san áireamh ina dhearcadh ar thaighde agus cinntíonn sé go mbíonn ár gclár taighde ceangailte lenár bpríomhfheidhmeanna agus go dtacaíonn sé leo.

Baintear úsáid as an taighde sin chun an bonn fianaise a thógáil le haghaidh cumarsáidí a bhfuil tacaíocht eolaíochta acu a fhorbairt, ar bonn fianaise é atá soiléir, údarásach, ábhartha agus neamhspleách agus a n-áirítear feachtais feasachta poiblí ***safe*food** leis. Toradh eile atá ar obair eolaíochta den sórt sin is ea go mbreisítear an tuiscint atá againn ar ghuaiseacha féideartha sa táirgeadh bia agus ar na bearta a theastaíonn chun na guaiseacha sin a íoslaghdú nó a dhíothú.

Ag obair dó le príomh-gheallsealbhóirí in institiúidí taighde agus eile, tá ***safe*food** ag cothú caidreamh oibre uile-oileáin agus ag breisiú comhpháirtíochtaí idir institiúidí taighde ar fud oileán na hÉireann.



# Forbhreathnú ar Thionscadail Taighde

## Cuireadh na tionscadail taighde seo a leanas i gcrích sa bhliain 2020.

**Uirlisí rialaithe codanna – an éiríonn leo dáiríre?**

Sheol Ollscoil Uladh an tionscadal seo. Mhair an tionscadal 18 mí ó mhí Eanáir 2019 go mí Iúil 2020.

Mar thoradh ar an tionscadal seo, tabharfar bonn fianaise do ***safe*food** is féidir a chur ar áireamh i dteachtaireachtaí a bhaineann le méideanna codanna sna feachtais sláinte poiblí uaidh, lena n-áirítear START.

**Measúnú ar úsáid teirmiméadar feola ag tomhaltóirí ar oileán na hÉireann**

Sheol Ollscoil Uladh an tionscadal seo. Mhair an tionscadal 16 mhí ó mhí an Mhárta 2019 go mí an Mheithimh 2020.

Sa tionscadal seo, imscrúdaíodh na dearcthaí reatha agus na treochtaí reatha in úsáid teirmiméadar feola ag tomhaltóirí ar oileán na hÉireann, measúnaíodh dearcthaí tomhaltóirí i leith teirmiméadair feola agus a n-iompraíocht úsáide thuairiscithe, sainaithníodh na nithe a chuireann bac le húsáid na dteirmiméadar agus na nithe a chabhraíonn lena n-úsáid, agus forbraíodh moltaí le haghaidh na baic sin a shárú.



**4** cinn – an líon tionscadal taighde a cuireadh i gcrích **5** cinn – an líon tionscadal ar cuireadh tús leo sa bhliain 2020

**Coimre staitisticí biashlabhra d'oileán na hÉireann**

Sheol Ipsos MORI i mBéal Feirste an tionscadal seo. Mhair an tionscadal 10 mí ó mhí Mheán Fómhair 2019 go mí Iúil 2020.

Bhí sé mar chuspóir leis an tionscadal seo an choimre staitisticí biashlabhra is cothroime le dáta d'oileán na hÉireann a sholáthar i bhformáid a bheifear in ann a athrú chun dáta ar bhonn bliantúil agus a fhorlíonadh le sonraí faoi threochtaí nuair is indéanta.

**Imscrúdú ar shaoráidí ní lámh agus cleachtais ní lámh i suíomhanna éagsúla ar oileán na hÉireann**

Sheol Ollscoil Uladh an tionscadal seo. Mhair an tionscadal 30 mí ó mhí an Mheithimh 2018 go mí Dheireadh Fómhair 2020.

Sa tionscadal seo, imscrúdaíodh iompraíochtaí sláinteachais lámh agus comhlíonadh sláinteachais lámh i roinnt suíomhanna (seirbhísí cúram leanaí, leithris phoiblí agus gnólachtaí bia) ar fud oileán na hÉireann.



## Cuireadh tús leis na tionscadail taighde seo a leanas sa bhliain 2020

**Costas socheacnamaíoch na hipiríogaireachta bia ar oileán na hÉireann**

Seolfaidh Ollscoil Theicniúil Bhaile Átha Cliath an tionscadal seo i gcomhar le hOllscoil na Banríona, Béal Feirste. Mairfidh an tionscadal 26 mhí ó mhí Dheireadh Fómhair 2020 go mí an Mhárta 2021. Sa taighde seo, ríomhfar na costais shocheacnamaíocha a bhaineann le hipiríogaireachtaí bia – ailléirgí bia a bhfuil diagnóis leighis acu, galar céiliach agus éadulaingtí ar bhia/ailléirgí amhrasta bia (nach bhfuil diagnóis leighis acu) in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann. Ríomhfar na costais airgeadaíocha dhíreacha agus indíreacha (a) d'aosaigh a bhfuil hipiríogaireacht bia acu agus (b) do thuismitheoirí le leanaí agus ógánaigh a bhfuil hipiríogaireacht bia acu. Mar an gcéanna, gheofar amach na costais dholáimhsithe a bhaineann le cáilíocht na beatha.

**Faisnéis faoi ailléirginí a chur in iúl do thomhaltóirí ar oileán na hÉireann**

Tá an tionscadal seo á sheoladh ag Feabhas Éireann. Mairfidh an tionscadal 12 mhí ón 1 Márta 2021 go dtí an 28 Feabhra 2022.

Tá rialú ailléirginí agus lipéadú ailléirginí ina n-ábhar mór imní fós do thomhaltóirí a bhfuil hipiríogaireacht bia acu agus do ghnólachtaí bia araon ar fud oileán na hÉireann. Déanfaidh Feabhas Éireann, arb é an Comhlacht Taighde é, anailís, meastóireacht agus athbhreithniú inniúil ar an leibhéal reatha tuisceana atá ag tomhaltóirí ar lipéadú ailléirginí, ar an bhféidearthacht go dtiocfadh traséilliú ailléirginí chun cinn i suíomhanna lónadóireachta agus ar an dóigh a gcuirtear an riosca sin in iúl do thomhaltóirí ar fud oileán na hÉireann.

**Beartais fhioscacha agus phraghsála a bhaineann le bia agus le deochanna neamh-mheisciúla: athbhreithniú ar an bhfianaise.**

Tá an tionscadal seo á sheoladh ag Ollscoil na Banríona, Béal Feirste. Mairfidh an tionscadal 12 mhí ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2021.

Sa tionscadal taighde seo, sainaithneofar an fhianaise idirnáisiúnta ar chineálacha cur chuige agus éifeachtacht (agus clistí) na mbeartas fioscach agus praghsála a bhaineann le bia agus le deochanna neamh-mheisciúla chun feabhas a chur ar réimeanna bia agus chun galair neamhtheagmhálacha a chosc. Sa staidéar seo, athbhreithneofar an fhianaise i dtaca le hionghabháil cothaithe, le torthaí sláinte, le neamhionannais sláinte agus lena chothromasaí atá an muirear cánach. Ina dhiaidh sin, sainaithneofar na beartais fhioscacha agus phraghsála a bhfuil an ábharthacht phraiticiúil is mó acu le haghaidh cur chun feidhme ar oileán na hÉireann, agus aird á tabhairt ar inbhuanaitheacht pholaitiúil agus ar an mbeartas bia.

**Athbhreithniú ar an gcleachtas idirnáisiúnta um inbhuanaitheacht a chomhtháthú isteach i dtreoirlínte náisiúnta um bia sláintiúil agus ar na himpleachtaí praiticiúla do bheartais.**

Tá an tionscadal seo á sheoladh ag Coláiste na hOllscoile, Corcaigh. Mairfidh an tionscadal 18 mí ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 30 Meitheamh 2022.


Glacfaidh an tionscadal seo cur chuige modhanna measctha chun a shainaithint cad é an dea-chleachtas i leith inbhuanaitheacht a chomhtháthú isteach i dtreoirlínte maidir le bia sláintiúil. Is é an toradh a bheidh ar athbhreithniú tapa ná go gcuirfear leis an mbeagán fianaise atá ar fáil chun feabhas a chur ar an tuiscint reatha ar an dea-chleachtas i leith inbhuanaitheacht a chomhtháthú isteach i dtreoirlínte náisiúnta réim bia maidir le bia sláintiúil. Déanfaidh sé sin eolas do mhórstaidéar cainníochtúil ar líne chun tuilleadh léargas a sholáthar ar thuairimí, dearcthaí, eolas agus iompraíochtaí reatha i measc sampla ionadaíoch aosach ar oileán na hÉireann i leith réimeanna sláintiúla inbhuanaithe bia.

**Anailís thánaisteach ar shonraí suirbhé cothaithe faoi réimeanna bia leanaí ar oileán na hÉireann.**

Tá an tionscadal seo á sheoladh ag Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí. Mairfidh an tionscadal 12 mhí ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2021.

Tá sé mar aidhm leis an staidéar seo fianaise réigiúnach agus náisiúnta ar theachtaireachtaí sláinte poiblí a thabhairt chun bia sláintiúil a chur ar aghaidh i measc leanaí idir dhá bhliain d'aois agus 12 bhliain d'aois agus, ar an mbealach sin, an feachtas START a chur ar aghaidh. Chun déanamh amhlaidh, bainfear leas ann as na sonraí suirbhé cothaithe reatha atá cistithe go poiblí ar oileán na hÉireann. Tá dhá ghné i gceist leis an anailís sin. Baineann siad leis an staid aonair agus chomhchoiteann atá ag sneaiceanna agus ag bianna pléisiúir i réimeanna bia leanaí agus, dá bharr sin, le tréithriú a dhéanamh ar aon ghaolta atá ann le cáilíocht réim bia, le stádas meáchan coirp agus le hiompraíochtaí atá bainteach le bia.






## Foilseacháin

D'fhoilsigh ***safe*food** tuarascáil taighde amháin sa bhliain 2020. Pléadh inti le sábháilteacht bia agus le bia sláintiúil.

### Glútan a bhaint den réim bia

Faoi mar atá an tóir i measc tomhaltóirí ar réimeanna bia atá saor ó ghlútan ag méadú, is ag méadú freisin atá an margadh le haghaidh táirgí atá saor ó ghlútan. Tá sé sin amhlaidh ar chúiseanna éagsúla: an tacaíocht atá á tabhairt ag daoine mór le rá agus ag gúrúnna sláinte do réimeanna bia atá saor ó ghlútan agus do réimeanna bia a dtugtar “réimeanna bia díbeartha” orthu, rud atá á dhéanamh i dtréimhse ina mbíonn ag méadú ar fheasacht an phobail ar an ngaol idir réim bia an duine agus an tsláinte.

Tá sé mar aidhm leis an tuarascáil seo measúnú a dhéanamh ar an luach cothaithe a chuireann bianna a mbíonn glútan iontu de ghnáth le réim bia tomhaltóirí ar oileán na hÉireann. Déantar suirbhé inti freisin ar an bpróifíl cothaithe atá ag sneaiceanna atá saor ó ghlútan agus a dhíoltar in ollmhargaí. Rinneadh taighde freisin ar dhearcthaí tomhaltóirí i leith táirgí agus réimeanna bia atá saor ó ghlútan agus ar na cúiseanna a roghnaíonn siad táirgí atá saor ó ghlútan.

Éascóidh na torthaí feasacht mhéadaithe ar na fadhbanna cothaithe a bhaineann le réimeanna bia atá saor ó ghlútan do “thomhaltóirí stíl mhaireachtála” – mar atá, na tomhaltóirí sin nach gá dóibh glútan a sheachaint ar chúiseanna leighis.

## Foilsíodh cúig fhoilseachán le haghaidh tomhaltóirí agus gnólachtaí sa bhliain 2020

- An cion siúcra de bhrandaí iógairt móréilimh as Gaeilge – Cad a itheann do pháiste ina iógart?
- Breoslaigh do chorp – don déagóir a imríonn spórt.
- An cion siúcra de dheochanna móréilimh as Gaeilge – Siúcra i ndeochanna: an fhírinne
- Boscaí Lóin Shláintiúil – Leideanna praiticiúla duitse agus do do leanaí ar conas bosca lóin shláintiúil a ullmhú.
- An cion siúcra d'arbhair mhóréilimh as Gaeilge – Cad atá sa ghránach a itheann tú?






# Ár Líonraí




Baineann ***safe*food** leas as a staid uathúil thuaidh/theas ar mhaithe le nasc-cheangail chomhair a chur chun cinn le geallsealbhóirí a oibríonn san earnáil bia, sa tsláinte phoiblí agus i gcur chun cinn na sláinte chun iomláine an bhiashlabhra a neartú agus chun sláinte an phobail a fheabhsú.

Mar chuid dá shainchúram reachtúil, tá oibleagáid ar ***safe*food** feasacht ar shaincheisteanna sábháilteachta bia a chur chun cinn i measc gairmithe a bhfuil leas acu i sábháilteacht bia nó a bhfuil freagracht orthu aisti, lena n-áirítear an tionscal bia.

## An Líonra Eolais

Tá na baill den Líonra Eolais ina bpobal de 3,500 gairmí, beagnach, a oibríonn i ngnólachtaí bia, sa tsláinte comhshaoil, i ngníomhaireachtaí rialála, sa tsláinte phoiblí, i saotharlanna tástála bia, sa taighde agus san oideachas.

Tá sé mar aidhm leis an Líonra Eolais timpeallacht dhinimiciúil fhiúntach a chruthú le haghaidh faisnéis sábháilteachta bia a mhalartú le leas frithpháirteach a bhall. Aidhm eile atá leis is ea daoine a bhfuil baint acu le heolas a chruthú agus a úsáid agus daoine a bhfuil baint acu le beartais a fhorbairt a thabhairt le chéile ar mhaithe le sábháilteacht bia a chur ar aghaidh agus a bhreisiú. Tá an Líonra Eolais i mbun nasc-cheangail a chruthú agus a mhéadú ar fud oileán na hÉireann idir gairmithe sábháilteachta bia fud fad an bhiashlabhra ar fad ón mbliain 2011 i leith.

Is iad seo na cuspóirí atá ag ***safe*food** don Líonra Eolais thar na trí bliana ón mbliain 2019 go dtí an bhliain 2022:

- Feasacht a mhéadú agus deiseanna a sholáthar le haghaidh an dea-chleachtas a chomhroinnt agus a fhoghlaim.
- Cur leis an eolas ar shábháilteacht bia ar oileán na hÉireann.
- Caidreamh oibre ildisciplíneach agus trasdlínse idir gairmithe sábháilteachta bia a fhorbairt tuilleadh.
- Foinse iontaofa saineolais a sholáthar do ***safe*food** d’fhonn ábhair imní atá ann cheana a iniúchadh.





- Sainaithint a dhéanamh ar na saincheisteanna atá ag teacht chun cinn sa tsábháilteacht bia agus feabhas a chur ar an mbonn fianaise inmheánach.
- Comhar, comhoibriú agus sineirgí idir gairmithe i réimse na sábháilteachta bia a chur chun cinn ar fud oileán na hÉireann.

Is féidir le haon duine a bhfuil spéis aige nó aici sa tsábháilteacht bia agus a oibríonn in áit ar bith san earnáil agraibhia a bheith ina bhall nó ina ball den Líonra. Chun cabhrú le spriocanna an Líonra a bhaint amach, thug ***safe*****food** deichniúr saineolaithe sna réimsí seo le chéile go mall sa bhliain 2019: micribhitheolaíocht bia, hipiríogaireacht bia, an gnó/taighde bia, an tionscal/trádáil bia, tacaí do ghnólachtaí beaga bia, seirbhís bia/lónadóireacht, eolaíocht iompraíochta, sláinte comhshaoil, an biashlabhra domhanda agus taighde, agus seirbhísí saotharlainne sábháilteachta bia poiblí. Stiúrann an Sainghrúpa sin ár Líonra go straitéiseach, agus é ag treorú gníomhaíochtaí agus ag tabhairt comhairle maidir leis an oiliúint agus na tacaí a theastaíonn agus maidir le seirbhísí nua do bhaill, agus ag soláthar léargas ar rioscaí sábháilteachta bia agus ar shaincheisteanna atá ag teacht chun cinn. Maidir leis na saincheisteanna a ndíríonn an Líonra orthu, cuirtear in ord tosaíochta iad ar bhonn an tionchair atá acu ar an tsláinte phoiblí agus ar an mór-bhiashlabhra. Áirítear leo sin sábháilteacht cheimiceach agus mhicribhitheolaíoch bia, bainistíocht ailléirginí, saincheisteanna ó thaobh táirgeadh bia agus próiseáil bia de, calaois/coireacht bia, nuálaíochtaí nua i réimse na sábháilteachta bia, agus topaicí níos leithne a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do shábháilteacht bia, lena n-áirítear saincheisteanna trádála agus eacnamaíocha, an t-athrú aeráide agus inbhuanaitheacht.

Mar thoradh ar shaineolaí ar hipiríogaireacht bia a chur ar áireamh ann agus ar fhoghrúpa um Hipiríogaireacht Bia a bhunú, ceapadh plean uaillmhianach a ndíreoidh ár gcuid oibre air ar feadh na tréimhse atá fágtha den chlár. Aithníodh roimhe seo a thábhachtaí atá sé go gcuirtear eolaíocht iompraíochta ar áireamh inár ngníomhaíochtaí. Cinnteoidh sé sin go mbeidh na hacmhainní a fhorbróimid saincheaptha chun eolas a thabhairt don spriocphobal agus aird an spriocphobail a tharraingt agus gurb iad na modhanna is dóchúla chun athrú iompraíochta a bhaint amach iad.

Príomhfheidhm de chuid an Líonra Eolais is ea faire fáistine le haghaidh forbairtí nua agus rioscaí féideartha. Baintear é sin amach trí chomhdhálacha, seimineáir Ghréasáin agus foilseacháin agus trí fhaireachán a dhéanamh ar an innéacs saincheisteanna reatha agus éiritheacha. Déantar é sin le tacaíocht ón Sainghrúpa agus cinntíonn sé go stiúrtar ár ndíriú agus ár ngníomhaíochtaí go cuí.

Le tacaíocht ón Sainghrúpa sin, tá sé mar aidhm leis na tionscnaimh uile-oileáin uainn a chinntiú go mbíonn rochtain ag baill ar na forbairtí is deireanaí is féidir sa tsábháilteacht bia de réir mar a thagann siad chun cinn. Ceann de na príomhnithe ar a ndíríonn an Líonra is ea comhar agus comhoibriú Thuaidh-Theas. Baintear é sin amach trí chomhpháirtíochtaí, imeachtaí, seimineáir Ghréasáin, deiseanna líonraithe agus agallaimh. Chabhraigh sé sin leis an raon saineolais is féidir linn a thabhairt dár mbaill a mhéadú agus clúdach ár n-aschur a uasmhéadú.

Anuas ar na tairbhí soiléire atá ann do na baill den Líonra Eolais agus den mhórphobal agraibhia, toradh eile atá ar ghníomhaíochtaí an Líonra is ea go n-ardaítear próifíl ***safe*****food** i measc fiontair bheaga agus mheánmhéide i réimse an bhia agus i measc taighdeoirí, rialálaithe agus daoine eile a oibríonn sa tsábháilteacht bia. Cabhraíonn ár rochtain ar shaineolas agus ardcháilíocht aschuir an líonra le feabhas a chur ar an gclú atá ar ***safe*****food** mar chomhpháirtí iontaofa ar féidir leis eolas agus comhairle a thabhairt.

Sa bhliain 2020, bhí tionchar suntasach ag paindéim Covid-19 ar ghníomhaíochtaí an Líonra Eolais. Ba ghá ár ngnáthphunann bhliantúil, a chuimsíonn 30-40 imeacht difriúil, a aistriú go tapa chuig ardáin fhíorúla, rud a d'éascaigh rannpháirtíocht iargúlta. Chomh maith leis sin, bhí freastal maith ar ár gcuid seimineár Gréasáin agus imeachtaí oiliúna ar líne agus fuarthas aiseolas dearfach ina leith. Ní féidir na deiseanna líonraithe a ghabhann le himeachtaí i bpearsa a athchruthú ar líne, áfach, agus ba ghá roinnt imeachtaí a chur ar atráth. Ba shuntasach a bhí éifeachtaí na paindéime ar an earnáil agraibhia, agus bhaineamar úsáid as podchraoltaí, ailt agus seimineáir Ghréasáin oiliúna chun eolas agus comhairle a thabhairt dár mbaill chun cabhrú leo na dúshláin a bhí orthu a shárú. Tugadh aird ar riachtanais an tionscail bia trí sheimineáir Ghréasáin, ar seoladh ceann ar leith díobh i gcomhar le Campden BRI sa Ríocht Aontaithe. Bhí an-tóir idirnáisiúnta ar an seimineár Gréasáin sin. Chomh maith leis sin, tugadh comhairle do ghnólachtaí lónadóireachta agus gnólachtaí eile bia maidir le hoibriú mar bhialanna beir leat sa tréimhse ina raibh na srianta i bhfeidhm. Tá saotharlanna tástála bia ina spriocphobal tábhachtach de chuid safefood. Sa 12 mhí seo atá imithe thart, sholáthair an Líonra Eolais roinnt cúrsaí oiliúna a bhí saincheaptha go sonrach don spriocphobal sin.



Cuid dhílis dár ngníomhaíochtaí uile is ea an eolaíocht, agus leanamar lenár gcuid ball a choinneáil ar an eolas faoin nuacht is deireanaí, faoi thaighde agus faoi shaincheisteanna reatha agus éiritheacha. Mar thoradh ar ailt ó shaineolaithe údarásacha, cuireadh spriocphobal leathan ar an eolas faoi fhorbairtí nua agus faoi léargais ar thodhchaí an tionscail agraibhia. Anuas air sin, bhí raon leathan agallamh, alt agus nuachta san iris 'Food Chain' agus sa ríomhiris mhíosúil 'Network News' inar pléadh gach gné de shábháilteacht bia agus den mhór-bhiashlabhra. Tugadh podchraoltaí isteach mar mhodh nua spéisiúil le haghaidh eolas a thabhairt dár spriocphobail, lena n-áirítear eintitis theicniúla agus tomhaltóirí, agus le haghaidh a n-aird a tharraingt.

Roinnt gnéithe den Líonra Eolais sa bhliain 2020

- ✓ B'ionann ballraíocht an Líonra ag deireadh na bliana 2020 agus 3,461 bhall
- ✓ Tháinig méadú 5.1% ar an líon ball den Líonra i gcomparáid leis an mbliain 2019, agus 176 bhall nua ag dul isteach ann.
- ✓ Foilsíodh 12 eagrán de 'Network News'.
- ✓ Cuireadh ceithre chruinniú de chuid an tSainghrúpa ar siúl.
- ✓ Cuireadh 16 imeacht sábháilteachta bia lenar clúdaíodh oiliúint, scaipeadh faisnéise agus uasoiliúint shonrach agus ar fhreastail 1,006 rannpháirtí orthu.
- ✓ Táirgeadh seacht bpodchraoladh sábháilteachta bia.
- ✓ Foilsíodh an iris 'Food Chain' de chuid an líonra trí huaire sa bhliain 2020 do níos mó ná 2,300 síntiúsóir.

Tá dúshláin ag baint leis an mBreatimeacht freisin de réir mar a thagann socruithe nua i bhfeidhm agus tógfaidh sé am sula dtuigfear na socruithe nua go hiomlán. Is dócha go leanfaidh na húdaráis rialála ar fud oileán na hÉireann ar aghaidh ag díriú ar an tsaincheist sin, agus beidh ar an Líonra Eolais coinneáil ar an eolas faoi na socruithe nua agus na himpleachtaí féideartha don tsábháilteacht bia.

**5%** – an méadú sa líon ball den Líonra Eolais

**176** – an méadú sa líon ball sa bhliain **2020**


Níos mó ná **16** – an líon imeachtaí de chuid an Líonra Eolais a óstáladh sa bhliain 2020.

## Obair an Líonra Eolais le Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide

Tá an Líonra Eolais ag leanúint le díriú ar thacú leis an earnáil fiontar beag agus meánmhéide bia dea-chleachtais láidre sábháilteachta bia a thuiscint agus a chur chun feidhme trí cheardlanna ar líne. Cé nach raibh na seimineáir Ghréasáin ar líne in ann freastal ar an idirghníomhaíocht aghaidh ar aghaidh a bhí chomh tábhachtach sin do dhaoine i mblianta roimhe sin, bhí freastal maith ar na himeachtaí agus bhí dea-leibhéil idirghníomhaíochta agus aiseolas sármhaith ann lena linn. Ar na himeachtaí eile inar díríodh ar na daoine sin a oibríonn i bhfiontair bheaga agus mheánmhéide bhia bhí seimineáir Ghréasáin ar na hábhair seo: an phacáistíocht bia; a fhiosrú cén fáth a bhfuil an phacáistíocht chomh tábhachtach sin; na cineálacha difriúla pacáistíochta agus inbhuanaitheachta; agus tábhacht na hiniúchóireachta inmheánaí maidir le sábháilteacht bia a chothabháil, ar sheimineár Gréasáin é inar tugadh cur chuige praiticiúil i leith iniúchadh inmheánach a dhéanamh ar shábháilteacht bia agus inar thaispeáin conas a bhí iniúchtaí inmheánacha ina dtoisc a spreag athrú dearfach ina lán cuideachtaí ó thaobh sábháilteacht bia de.

De bhreis air sin, soláthraíodh cúrsa idirghníomhach oiliúna do ghnólachtaí beaga bia ar sheilfré táirgí, ar lena linn a iniúchadh cé na nithe nach mór a bhreithniú le linn seilfré táirge a chinneadh. Áirítear leo sin tuiscint a ghnóthú ar na saintréithe den bhia agus na miocrorgánaigh a bhféadfadh fás air, ar a thábhachtaí atá an phacáistíocht, agus ar thorthaí saotharlainne.

Cuireadh tús sa bhliain 2020 freisin le huirlisí ríomhfhoghlama a fhorbairt chun tacú le hoiliúint sábháilteachta bia do ghnólachtaí beaga bia (lena n-áirítear iad sin a oibríonn sa táirgeadh, sa phróiseáil, sa mhiondíol, sa lónadóireacht agus sa riar bia). Is é an toradh a bheidh ar sholáthar na hacmhainne ríomhfhoghlama dar teideal '***safe*food** for business' atá saincheaptha d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide bhia sa bhliain 2021 go mbeidh rochtain ann ar oiliúint saor in aisce ar líne i sábháilteacht phraiticiúil bia, rud a rachaidh chun tairbhe go mór dóibh sin a mbíonn deacrachtaí acu freastal ar chúrsaí oiliúna as an láithreán. Mar thoradh ar an acmhainn sin, breiseofar an tuiscint ar cén fáth a bhfuil sábháilteacht bia tábhachtach agus ar cad is féidir tarlú mura leantar nósanna imeachta cearta, agus tabharfar comhairle phraiticiúil inti ar conas is féidir leo na freagrachtaí dlíthiúla atá orthu a chomhlíonadh. Tairbhí tábhachtacha a thiocfaidh as an acmhainn a bheidh i gcultúr sábháilteachta bia níos fearr a chur chun cinn laistigh de ghnólachtaí agus a bheidh i bhfeasacht a mhéadú ar ***safe*food** agus ar na seirbhísí a thairgimid.




## Ailléirgí bia agus hipiríogaireachtaí bia

Bhí saincheist na n-ailléirgí bia agus na hipiríogaireachtaí bia ar cheann de na saincheisteanna ba thábhachtaí os comhair na hearnála bia ar fud na bliana 2020 fós, ar lena linn a bhí ardéileamh ann ar chúnamh, go háirithe sa riar bia. Ag obair dó i gcomhar le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann agus le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, sholáthair an Líonra Eolais 11 mháistir-rang do mhic léinn agus baill foirne ag coláistí lónadóireachta ar fud na hÉireann. Ar na gníomhaíochtaí eile ar an topaic sin bhí comhdháil aonlae ar óstáil ***safe*food** agus an Institiúid um Shlándáil Bia Dhomhanda í in Ollscoil na Banríona, Béal Feirste. Díríodh inti ar dhearcthaí tomhaltóirí, dearcthaí an tionscail agus dearcthaí rialála, lena n-áirítear maidir le lipéadú réamhchúramach ailléirginí a úsáid.

Ar na himeachtaí eile lenar bhain hipiríogaireacht bia bhí seimineár Gréasáin ar na rioscaí a bhaineann le hipiríogaireacht bia, go háirithe ailléirge bainne, a bheith ag duine, agus seimineár Gréasáin ar fhreagrachtaí rialaithe ailléirginí ó thaobh iniúchóir an ghnólachta bia de.
Sna ceardlanna ar ailléirginí d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide, cuireadh oiliúint phraiticiúil i mbainistíocht ailléirginí ar dhéantóirí bia agus ar lónadóirí bia.

## Podchraoltaí

Tugadh seirbhís nua dár mbaill sa bhliain 2020 mar thoradh ar shraith podchraoltaí a thabhairt isteach ar thopaicí sábháilteachta bia. Bhí sé mar aidhm leis an tsraith iniúchadh a dhéanamh ar thopaicí ar bhealach níos neamhfhoirmiúla agus níos comhráití. Is féidir le daoine éisteacht léi agus iad i mbun siúil, sa charr nó ag déanamh gníomhaíochtaí eile. Pléadh cúig thopaic faoin tsraith 'Sábháilteacht Bia d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide'. Áiríodh leo Glantachán agus Sláinteachas, Pacáistíocht Bia, Rialú Ailléirginí, Lipéadú Ailléirginí do bhialanna beir leat agus ciandíol, agus Tionchar phaindéim Covid-19 ar an mBiashlabhra. Faoin tsraith 'Sábháilteacht Bia', pléadh dhá thopaic – Ailléirgí bainne agus éadulaingtí bainne, agus Cian-iniúchóireacht. San iomlán, taifeadadh 554 íoslódáil laistigh den tréimhse iareisiúna 90 lá do na podchraoltaí sin i dteannta a chéile.



## Ceardlanna agus seimineáir a cuireadh ar siúl sa bhliain 2020

| Dáta | Topaic | Cineál | Spriocphobal | An Líon Freastalaithe |
|---|---|---|---|---|
| Feab. 2020 | Máistir-rang in ailléirginí bia (Dún Mhic Aoidh, Baile Átha Cliath) | Máistir-rang | Cócairí airm | 55 |
| Márta 2020 | Máistir-rang in ailléirginí bia (Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain) | Máistir-rang | Mic léinn in ealaíona cócaireachta | 60 |
| Márta 2020 | Máistir-rang in ailléirginí bia (Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan) | Máistir-rang | Mic léinn i lónadóireacht agus i bhfáilteachas | 21 |
| Márta 2020 | Máistir-rang in ailléirginí bia (Ollscoil Theicniúil Bhaile Átha Cliath) | Máistir-rang | Mic léinn i bhforbairt táirgí bia agus in ealaíona cócaireachta | 31 |
| Iúil 2020 | SARS-Cov-2 agus víris bhia-iompartha sa tionscal bia – na saincheisteanna reatha | Seimineár Gréasáin | An tionscal bia, an lucht taighde, rialálaithe, an lucht sláinte poiblí | 424 |
| Lún. 2020 | Pacáistíocht bia: an rogha cheart a dhéanamh le haghaidh do tháirge | Seimineár Gréasáin | Gnólachtaí bia, go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide | 27 |
| MF 2020 | Iniúchóireacht Inmheánach ISO/IEC 17025:2017 | Oiliúint (ar líne) | Saotharlanna tástála sábháilteachta bia poiblí | 15 |
| DF 2020 | Tábhacht na hiniúchóireachta inmheánaí maidir le sábháilteacht bia a chothabháil | Seimineár Gréasáin | Oibreoirí agus baill foirne d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide bhia | 60 |
| DF 2020 | Tús eolais do ghnólachtaí beaga bia ar sheilfré táirgí | Oiliúint (ar líne) | Oibreoirí agus baill foirne d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide bhia | 24 |
| DF 2020 | An t-eolas is deireanaí ar hipiríogaireacht bainne | Seimineár Gréasáin | An tionscal bia, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide | 24 |
| DF 2020 | Riar córas bainistíochta faisnéise saotharlainne | Oiliúint (ar líne) | Saotharlanna tástála sábháilteachta bia poiblí | 8 |
| DF 2020 | Sábháilteacht éifeachtach bia d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide bhia – Cuid I | Seimineár Gréasáin | Oibreoirí agus baill foirne d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide bhia | 47 |
| DF 2020 | Sábháilteacht éifeachtach bia d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide bhia – Cuid II | Seimineár Gréasáin | Oibreoirí agus baill foirne d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide bhia | 32 |
| DF 2020 | Ailléirginí: cé atá freagrach astu? | Seimineár Gréasáin | Gnólachtaí sa mhiondíol bia agus sa riar bia | 28 |
| Samh. 2020 | Rioscaí éiritheacha sa bhia mara | Seimineár Gréasáin | An tionscal bia mara, an lucht taighde, rialálaithe | 122 |
| Noll. 2020 | Bainistíocht phraiticiúil ailléirginí (1) do dhéantóirí bia agus (2) do lónadóirí bia | Oiliúint (ar líne) | Déantóirí bia, lónadóirí bia | 28 |

Níos mó ná **40,000** – an líon daoine a bhfuil páirt glactha acu i dTionscnaimh Bhia Pobail ó thús na dTionscnamh i leith.

**30** – an líon eagraíochtaí ar chistigh Tionscnaimh Bhia Pobail iad

**14** – an líon eagraíochtaí pobail a bhfuil siad ag obair leo sa bhliain 2020

**18** – an líon eagraíochtaí sa bhreis ar thug tionscnamh nua 'CFI sa Bhaile' cistiú dóibh

# An Tionscnamh Bia Pobail

Tá sé mar aidhm le Clár ***safe*food** um Thionscnaimh Bhia Pobail (CFInna) difear dearfach a dhéanamh do nósanna itheacháin na dteaghlach a bhfuil leanaí acu agus a chónaíonn i bpobail ísealioncaim ach díriú ar scileanna agus eolas maidir le bia agus bia sláintiúil, le siopadóireacht níos sláintiúla agus le scileanna cócarála níos fearr. Is scileanna inláimhsithe inaistrithe iad uile ar féidir leo dul chun tairbhe do phobal iomlán. Taispeánann samhail na dTionscnamh Bia Pobail conas is féidir le comhoibriú le pobail cabhrú leo roghanna bia níos sláintiúla a dhéanamh agus scileanna ar feadh an tsaoil a fhoghlaim. Cuireadh tús le cistiú na dTionscnamh Bia Pobail ar oileán na hÉireann sa bhliain 2010. Trí úsáid a bhaint as cur chuige pobaltreoraithe, tá cabhair tugtha aige do níos mó ná 40,000 duine ach fíorchabhair phraiticiúil a sholáthar i bpobail áitiúla trí 30 eagraíocht a chistiú.

## An tionscnamh bia pobail sa bhliain 2020

Ba í an bhliain 2020 an dara bliain den cheathrú timthriall trí bliana de thionscadail na dTionscnaimh Bia Pobail (2019-2021). Earcaíodh ceithre eagraíocht pobail déag – naoi gcinn díobh in Éirinn agus cúig cinn díobh i dTuaisceart Éireann – chuig an téarma nua chun an clár um Thionscadail Bhia Pobail a sholáthar. Déanann SECAD Partnership CLG riar ar an gClár um Thionscnaimh Bhia Pobail ar leibhéal áitiúil.

Is ar theaghlaigh a bhfuil leanaí suas le 12 bhliain d'aois acu atá an clár um Thionscnaimh Bhia Pobail ag díriú sa tréimhse 2019-2021. Tugadh tacaíocht maidir le forbairt a dhéanamh ar scileanna agus eolas a dhéanann difear dearfach do na nósanna itheacháin agus na bunscileanna bia i measc teaghlach/daoine aonair i limistéir ísealioncaim. Chuir gach Tionscnamh Bia Pobail áitiúil na sé théama seo a leanas chun feidhme:



Tacú le feasacht/eolas an phobail ar bhia sláintiúil

Scileanna cócarála

Sábháilteacht bia agus sláinteachas bia

Siopadóireacht shláintiúil

Diomailt bia a chosc trí scileanna buiséadaithe agus scileanna pleanála bia/béilí

Feabhas a chur ar an bhfáil agus an rochtain ar bhia sábháilte sláintiúil sa phobal, ag comhlánú na struchtúr reatha sin a thairgeann roghanna sláintiúla: caiféanna pobail, cóisirí sráide, etc

Is é seo a leanas an liosta iomlán d'eagraíochtaí a fuair cistiú na dTionscnamh Bia Pobail sa tréimhse 2019-21:

- Tionscnamh Thaobh an Bhogaigh agus Thobar an Bhranda; (Doire)
- Comhpháirtíocht Sláinte Pobail an Lóiste Úir-Dhún Cairn; (Béal Feirste)
- Líonra Pobail Aontroma Thuaidh; (an Baile Meánach)
- Iontaobhas Resurgam; (Lios na gCearrbhach)
- Forbairt Pobail Chontae Ard Mhacha; (Ard Mhacha)
- Ballyhoura Development CLG; (an Ráth)
- Comhpháirtíocht Forbartha Contae Cheatharlach; (Muine Bheag)
- Comhpháirtíocht Pobail Chontae Chill Mhantáin; (an tInbhear Mór)
- Comhpháirtíocht Cheantar Bhaile Átha Cliath Thiar Thuaidh; (Fionnghlas)
- Comhpháirtíocht Chathair na Gaillimhe; (Gaillimh)
- Comhpháirtíocht Forbartha Inis Eoghain; (Inis Eoghain)
- IRD Duhallow CLG; (Áth Trasna, Co. Chorcaí)
- Cuideachta Forbartha Áitiúla Uíbh Fhailí; (Tulach Mhór)
- Forbairt Thiobraid Árann Theas; (an Chathair)

De bharr na srianta a tugadh isteach chun déileáil le paindéim Covid-19, aistríodh imeachtaí na dTionscnamh Bia Pobail chuig ardán ar líne. Bhí ***safe*food** agus SECAD ríbhródúil as an dóigh a ndeachaigh na Tionscnaimh Bhia Pobail i dtaithí ar an athrú sin agus a raibh siad ábalta teacht ar mhodhanna nua chun an clár a choinneáil ag dul. Iarradh ar gach Tionscnamh Bia Pobail a fhiosrú conas a d'fhéadfadh sé leanúint ar aghaidh ag cabhrú le teaghlaigh tacaíocht agus foghlaim a rochtain agus iad sa bhaile.

Sampla de chlár cruthaitheach ar tugadh faoi chun rannpháirtíocht daoine sna Tionscnaimh Bhia Pobail a choinneáil ag dul agus chun teagmháil a choinneáil ar bun ba ea clár cianda cócarála ceithre seachtaine, a bhfuil mionsonraí faoi leagtha amach thíos.

Ba iad na haidhmeanna a bhí leis an tionscnamh sin cabhrú le teaghlaigh:

- Scileanna nua cócarála a fhoghlaim sa bhaile.
- A muinín a mhéadú as a gcistin féin.
- Béilí sláintiúla inacmhainne a oireann don teaghlach ar fad a chruthú.
- Rud éigin a dhéanamh le chéile sa bhaile le linn na dianghlasála.

Ghlac 57 dteaghlach páirt sa tionscnamh, a chuaigh mar a leanas:

- Gach seachtain, rinne soláthraí áitiúil na comhábhair le haghaidh béile sláintiúil a chur le chéile go cúramach dár 57 dteaghlach.
- Bailíodh iad, cuireadh i málaí iad ach cloí le scaradh sóisialta agus seachadadh iad chuig doras tosaigh gach teaghlaigh.
- Níorbh eol do theaghlaigh aon seachtain ar leith cad a bheadh siad ag ithe le haghaidh dinnéir an tráthnóna sin.
- D'fhan na leanaí go foighneach le teacht ár bhfoirne lasmuigh dá dteach sular rith siad chuig an doras tosaigh chun a fháil amach cad a bhí sa mhála.
- Cuireadh oideas priontáilte isteach i ngach mála.
- Seoladh físeán YouTube de chuid ***safe*food** trí theachtaireacht téacs chuig gach teaghlach tamaillín tar éis theacht na gcomhábhar. Taispeánadh ann conas ba cheart gach béile a ullmhú, a chócaráil agus a chur i láthair.
- Cuireadh glaonna leantacha ar gach teaghlach gach seachtain chun a fháil amach conas a bhí ag éirí leo agus chun cabhair a thabhairt nuair a bhí sí ag teastáil.

Mar thoradh ar an dóigh rathúil ar sholáthair na Tionscnaimh Bhia Pobail cláir bhia shláintiúil le linn phaindéim COVID-19, cuireadh tús le tionscnamh dar teideal 'CFI sa Bhaile' agus leis an bhfeachtas 'Bunathraigh do Thralaí'. Thug 'CFI sa Bhaile' cistiú breise do ghrúpaí pobail chun cláir bhia shláintiúil a sholáthar le linn na paindéime ag am ina raibh géarghá leo i bpobail faoi mhíbhuntáiste.

## An Líonra Bochtaineachta Bia Uile-oileáin

Fadhb shuntasach do lear daoine ar oileán na hÉireann is ea bochtaineacht bia. Is é an sainmhíniú atá air ná an t-éagumas chun réim bia atá leordhóthanach ó thaobh an chothaithe de a rochtain.

Cé gur toisc ollmhór é an praghas atá ar bhia sláintiúil, is é atá san éagumas chun réim bia sláintiúil a rochtain ná saincheist chasta a bhfuil oideachas, iompar, litearthacht, cultúr agus pleanáil comhshaoil ina ngnéithe di. Toradh eile fós ar mhórchinntithigh shláinte is ea bochtaineacht bia.

Bunaíodh an Líonra sa bhliain 2009 chun cur chuige comhordaithe straitéiseach a sholáthar i leith dul i ngleic le bochtaineacht bia ar oileán na hÉireann. Tacaíonn sé le teacht ar chomhdhearcadh i leith saincheisteanna gaolmhara, le comhoibriú agus le foghlaim chomhroinnte. Déanann ***safe*****food** agus Gníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Chaighdeáin Bhia comhchathaoirleacht ar an Líonra.

Déantar ionadaíocht d'ocht n-eagraíocht déag ar an bhfóram. Áirítear leo ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais, an lucht léinn agus eagraíochtaí neamhrialtasacha. Tagann baill le chéile ar bhonn rialta chun eispéiris agus eolas a chomhroinnt ar mhaithe le haghaidh a thabhairt ar fhadhb na bochtaineachta bia ar an oileán.

Tugann an líonra tús áite do na gníomhaíochtaí seo a leanas:

### Tathant agus cumarsáid

Tacaíocht, plé agus comhpháirtíocht, nuair is cuí, a sholáthar i measc bhaill an líonra le linn dóibh tathant a dhéanamh ar son dul i ngleic le bochtaineacht bia ar leibhéil éagsúla, idir bheartais agus chleachtais.

### Fianaise

Plé a dhéanamh, le linn gach cruinnithe, ar na sonraí nua agus atá ann cheana agus na bearnaí sa bhonn fianaise i dtaca leis an mbochtaineacht bia ar oileán na hÉireann, teacht ar chomhdhearcadh agus sainaithint a dhéanamh ar na deiseanna a d'fhéadfadh a bheith ann le haghaidh dul i ngleic leis na bearnaí faisnéise.

### Acmhainní

Faisnéis faoi chláir agus acmhainní nua agus faoi chláir agus acmhainní atá ann cheana a chomhroinnt i measc na mball

Cuireadh an séú comhdháil bhliantúil de chuid an Líonra ar siúl i mí Dheireadh Fómhair trí sheimineár Gréasáin. Díríodh san imeacht ar labhairt faoi na dúshláin agus na ceachtanna a foghlaimíodh le linn freagairt do bhochtaineacht bia/neamhshlándáil bia le linn phaindéim Covid-19 i ndlínsí difriúla. Labhair cainteoirí ón lucht léinn, ón Rialtas agus ó ghrúpaí pobail faoina n-eispéiris féin.

Mar thaca leis an Líonra Bochtaineachta Bia, foilsítear nuachtlitir leathbhliantúil dar teideal 'All-island Food Poverty Network News'. Seoladh an nuachtlitir sin den chéad uair sa bhliain 2017. Cuirtear comhroinnt faisnéise agus malartú an dea-chleachtais chun cinn léi, agus forbhreathnú á thabhairt aici ar an taighde, an clúdach nuachta, na himeachtaí agus na tuarascálacha atá le fáil i réimse an mhurtaill. Foilsíodh dhá eagrán sa bhliain 2020, a seoladh chuig breis agus 200 síntiúsóir.

# An Fóram um Ghníomhaíocht Uile-oileáin ar Mhurtall

Bunaíodh an Fóram um Ghníomhaíocht Uile-oileáin ar Mhurtall i mí na Nollag 2008 chun tacú le beartais mhurtaill a chur chun feidhme i dTuaisceart Éireann agus in Éirinn araon. Tá sé comhdhéanta de gheallsealbhóirí ó níos mó ná 31 eagraíocht dhifriúla.

Tá an fóram ina ardán foirfe le haghaidh comhpháirtíochta agus obair chomhtháite ar oileán na hÉireann toisc go ndéanann sé líonrú, comhoibriú agus malartú an dea-chleachtais chun cinn.

Sheol an Fóram um Ghníomhaíocht Uile-oileáin ar Mhurtall an ríomhfheasachán uaidh dar teideal 'All-island Obesity News' i mí Aibreáin 2009. Tá sé mar aidhm leis an ríomhfheasachán tacú le hobair an Fhóraim trí chomhroinnt faisnéise agus malartú an dea-chleachtais a chur chun cinn. Leagtar béim sa ríomhfheasachán míosúil ar imeachtaí, nuacht, taighde agus tuarascálacha a bhaineann leis an murtall.

Foilsíodh dhá eagrán déag de 'All-island Obesity News' sa bhliain 2020, a seoladh chuig breis agus 578 síntiúsóir. B'ionann é sin agus méadú 10% ar an líon síntiúsóirí a bhí ann sa bhliain 2019.

Cuireann an fóram ceardlanna leathbhliantúla ar siúl ina chuid oibre. Ba é an teideal a bhí ar an topaic don chéad cheardlann de chuid an Fhóraim um Ghníomhaíocht Uile-oileáin ar Mhurtall sa bhliain 2020 ná 'Cad is féidir leis an bpobal a chreidiúint? Faisnéis meáchain agus sláinte a thuiscint'.

De bharr srianta a tugadh isteach mar gheall ar phaindéim Covid-19, d'óstáil an fóram an chéad cheardlann dhigiteach uaidh riamh. Ghlac 159 dtoscaire páirt inti. Pléadh sa chlár cé chomh hinchreidte is atá an fhaisnéis atá ar fáil ar oileán na hÉireann faoi réimeanna bia, faoi ghníomhaíocht fhisiciúil agus faoi mheáchan coirp. Éisteadh leis na tuairimí ó shaineolaithe, ó othair a bhíonn ag déileáil le murtall agus ó na meáin. D'oscail an Dr Robert O'Connor ó Chumann Ailse na hÉireann an seimineár Gréasáin ach plé a dhéanamh ar fhaisnéis inchreidte stíl mhaireachtála ó thaobh Chumann Ailse na hÉireann de. Labhair tathantóirí d'othair faoin tionchar a bhí ag faisnéis mhíthreorach stíl mhaireachtála agus iad ag dul i ngleic le murtall. Ag an deireadh, thug Sarah Travers, iriseoir ó Thuaisceart Éireann agus iarláithreoir le BBC Newsline, dearcadh na meán faoin ról is féidir leo a imirt i méid na mífhaisnéise a laghdú, agus phléigh sí conas is féidir le gairmithe sláinte idirchaidreamh a dhéanamh leis na meáin ar bhealach níos fearr chun a chinntiú go bhfuil faisnéis inchreidte ag teacht chun tosaigh.

**31** – an líon eagraíochtaí a bhfuil an fóram comhdhéanta díobh

**10%** – an méadú sa líon síntiúsóirí leis an nuachtlitir uile-oileáin ar mhurtall sa bhliain 2020

Níos mó ná **300** – an líon toscairí a d'fhreastail ar an dá cheardlann leathbhliantúla.

Rinneadh an dara ceardlann leathbhliantúil den bhliain 2020 a óstáil trí sheimineár Gréasáin freisin. Ba é 'An tionchaire folaithe – dul i ngleic le margú bia mhíshláintiúil do leanaí i saol digiteach an lae inniu' an teideal a bhí air. Díríodh sa chlár ar an bhfianaise is deireanaí ar an tionchar, agus na réimsí gníomhaíochta, a bhaineann le bianna agus deochanna a mhargú do leanaí. Phléigh an Dr Mimi Tatlow-Golden, Léachtóir Sinsearach le Síceolaíocht na Forbartha agus an Óige leis an Ollscoil Oscailte, an tionchar atá ag bia míshláintiúil a mhargú do leanaí, agus béim ar leith á leagan ar na meáin dhigiteacha. Labhair an Dr João Breda ón Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) faoi roghanna beartais náisiúnta agus faoin obair atá á déanamh ag EDS agus an Eoraip chun faireachán a dhéanamh ar an staid trí chreat ar a dtugtar CLICK.

## Obair i gcomhpháirt

Cuid dhílis de ról ***safe*food** mar chomhlacht Thuaidh/Theas is ea obair i gcomhpháirt. Is cuma cé acu a úsáidtear é inár bhfeachtais chumarsáide, inár dtaighde eolaíochta nó inár líonraí gairmiúla, is é an toradh atá ar ár gcur chuige comhpháirtíochta go gcruthaítear neart nasc dearfach agus caidreamh marthanach ar oileán na hÉireann.

## Íoschaighdeáin chothaithe sa chúram sláinte agus sóisialta i dTuaisceart Éireann

Ag obair dó i gcomhar leis an nGníomhaireacht Sláinte Poiblí agus le Gníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Chaighdeáin Bhia, lean ***safe*food** le cistiú agus tacaíocht a thabhairt chun na saoráidí um Chaighdeáin sa Chúram Sláinte a chur chun feidhme i dTuaisceart Éireann. Le linn na bliana 2020, athbhreithníodh na Caighdeáin chun an fhianaise is cothroime le dáta a léiriú agus forbraíodh acmhainní nua, lenar áiríodh Beartas Díola, chun tacú leis na caighdeáin.

## An fóram um Bia i scoileanna

Rinne an Roinn Oideachais agus an Roinn Sláinte i dTuaisceart Éireann an fóram um bia i scoileanna a bhunú go comhpháirteach sa bhliain 2009 chun ceannaireacht straitéiseach agus treoir a thabhairt maidir le beartas Thuaisceart Éireann um Bia i Scoileanna. Tá ***safe*food** ar cheann de na naoi n-eagraíocht a ndéantar ionadaíocht dóibh ar an bhfóram. Tá sé mar aidhm leis an bhfóram tacú leis an mbeartas um Bia i Scoileanna a chur chun feidhme i dTuaisceart Éireann.

Sa tréimhse i bpaindéim Covid-19 nach raibh leanaí ag freastal ar scoil lena linn sa bhliain 2020, scaipeadh faisnéis ar theaghlaigh atá i dteideal béilí scoile saor in aisce a fháil. Sheol an tÚdarás Oideachais teachtaireachtaí amach ar Twitter chun naisc a thabhairt do theaghlaigh chuig an bpleanálaí béilí cúig lá ón tionscnamh START de chuid ***safe*food** agus chuig faisnéis sábháilteachta bia ó Ghníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Chaighdeáin Bhia. Cuireadh cruinnithe rialta ar siúl leis an gComhordaitheoir um Bia i Scoileanna chun an urraíocht a dhéanann ***safe*food** ar an tionscnamh 'Veg power - eat them to defeat them' a phlé.



## Feachtais

Cabhraíonn obair i gcomhpháirt lenár bhfeachtais feasachta poiblí teacht ar spriocphobail níos leithne agus soláthraíonn sí cur chuige comhsheasmhach ar fud lear earnálacha, lena n-áirítear an tsláinte, an pobal agus an t-oideachas. Ba mhaith le ***safe*food** buíochas a ghabháil leis na heagraíochtaí seo a leanas as an tacaíocht a thug siad d'fheachtais ***safe*food** sa bhliain 2020:

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, an Ghníomhaireacht Sláinte Poiblí, Éire Shláintiúil, an Roinn Sláinte (Éire), an Roinn Sláinte (Tuaisceart Éireann), Comhghuaillíocht Ionad Maireachtála Sláintiúla Thuaisceart Éireann, Luath-Óige Éireann, Luathbhlianta Thuaisceart Éireann, na Tionscnaimh Bhia Pobail, SECAD.

## Beartas tacaíochta

Tá ***safe*food** ina bhall de ghrúpaí beartais Murtaill in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann.

**Éire**

Tá ***safe*food** ina bhall freisin den fhoghrúpa Bia Shláintiúil den ghrúpa forfheidhmithe formhaoirseachta ar chosc an mhurtaill in Éirinn. Rinne an foghrúpa Bia Shláintiúil formhaoirseacht ar fhoilsiú na d*Treoirlínte maidir le bia sláintiúil do leanaí idir aon bhliain d'aois agus cúig bliana d'aois*. Ghlac ***safe*food** freagracht as an ngné dearaidh den obair foilsithe. Chomh maith leis sin, chuir an grúpa tús sa bhliain 2020 le caighdeáin chothaithe a dhréachtú don earnáil réamhscoile lena bhfoilsiú sa bhliain 2021.

**Tuaisceart Éireann**

Ghlac ***safe*food** páirt i gceardlann a cuireadh ar siúl i mBéal Feirste chun teacht ar thosaíochtaí an ghrúpa forfheidhmithe sna trí bliana atá fágtha den straitéis murtaill dar teideal *Todhchaí Níos Aclaí do Chách*. Is ar chur chuige córas uile a dhíreoidh obair an ghrúpa forfheidhmithe. Is é atá i gceist le cur chuige córas uile ná sainaithint a dhéanamh ar na tosca uile a bhaineann leis an Murtall,e.g., tosca sláinte, tosca timpeallachta agus tosca sóisialta, agus dul i ngleic leo ina n-iomláine in ionad díriú ar ghné amháin.








**6%** - an céatadán den trácht Gréasáin ar fad a chuaigh go mol an tionscnaimh START


# Oideachas





Le linn na bliana 2020, lean ***safe*****food** lena chuid acmhainní oideachais a chur chun cinn i measc bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna ar oileán na hÉireann. Cuireadh tús le hobair chun an acmhainn sábháilteachta bia '***safe*****food** don bheatha', ar acmhainn a bhfuil an-tóir uirthi, a nuashonrú. Soláthraítear leis an acmhainn sin oiliúint ar shláinteachas bia bunúsach do mhic léin idirbhliana, eacnamaíochta baile agus Ógtheagmhála, agus deis á tabhairt dóibh deimhniú atá aitheanta ag an tionscal a ghnóthú. Beidh an acmhainn nuashonraithe ar fáil i bhformáid idirghníomhach ar líne sa bhliain 2021.




Mar thoradh ar na hathruithe inár slabhra soláthair bhia agus inár stíleanna maireachtála, tá sé tábhachtach go gcuirfí daoine óga ar an eolas faoina thábhachtaí atá sábháilteacht bia, sláinteachas bia agus cothú. Aithníonn ***safe*****food** go n-imríonn múinteoirí ról ríthábhachtach maidir le nósanna daoine óga a fhorbairt, ar nósanna iad a gcloífidh siad leo go deo.



safefood



# Na meáin dhigiteacha agus shóisialta

Trí theachtaireachtaí sláinte agus folláine a chur chun cinn go héifeachtach, cumasaítear do dhaoine difríochtaí móra dearfacha a dhéanamh ar a saol ar a lán bealaí. Bíonn an mórthírdhreach cumarsáide ag athrú go ríthapa, agus raon nua féidearthachtaí á chruthú maidir leis an dóigh a gcuirimid ár dteachtaireachtaí chun cinn. Is am mórathraithe é maidir leis an dóigh a ndéanann daoine faisnéis a rochtain gach lá. Tháinig borradh suntasach faoi réimse na cumarsáide sláinte ó chuir ***safe*food** tús lena chuid oibre níos mó ná 20 bliain ó shin.

Úsáideann ***safe*food** raon leathan cainéal meán digiteach agus sóisialta chun cumarsáid a dhéanamh lena spriocphobal.

## Na príomhstaitisticí maidir leis na meáin shóisialta agus maidir le fógraí ar Google sa bhliain 2020

Mar thoradh ar fhógraíocht íoctha ar Facebook, gineadh **19.4 milliún** imprisean agus chuathas i bhfeidhm ar **1.9 milliún** duine

**27%** an méadú, go 3.5 milliún imprisean, sa líon imprisean orgánach a fuarthas ar Facebook

**10%** an méadú, go 1.7 milli imprisean, sa líon imprise orgánach a fuarthas ar Twitter

**47%** an méadú, go 3.2 milliún duine, sa líon daoine a ndeachthas i bhfeidhm go horgánach orthu ar Facebook

**17%** an méadú, go 83,669 nduine, sa líon úsáideoirí orgánacha gníomhacha ar Facebook

Mar thoradh ar fhógraíocht ar chuardach Google agus ag taispeántais agus ar fhógraíocht físe, gineadh **28.9 milliún** imprisean agus **2.2 milliún** teagmháil (cliceanna nó amhairc)

Mar thoradh ar fhógraíocht íoctha ar Twitter, gineadh **5.8 milliún** imprisean

## Na príomhstaitisticí maidir leis an suíomh Gréasáin sa bhliain 2020

**3.9 milliún** an líon amharc ar leathanaigh ar an suíomh Gréasáin

**2,100** an líon íoslódálacha

**24%** an méadú sa líon amharc ar leathanaigh ó Thuaisceart Éireann

**6%** an céatadán den trácht Gréasáin ar fad a chuaigh go mol an tionscnaimh START

**109,000** an líon cuairteanna ar fhaisnéis faoi Covid-19 agus faoi earraí grósaera (an ceathrú leathanach is mó cuairt sa bhliain 2020)

**10%** an méadú san am a caitheadh ar an suíomh Gréasáin

**Na 10 leathanach Gréasáin is mó cuairt**

1. Pirimid an Bhia
2. Áireamhán cócarála turcaí
3. Áireamhán BMI
4. Earraí grósaera agus COVID-19
5. Oideas le haghaidh báca sicín agus brocailí
6. Leathanach baile ***safe*food**
7. Céimeanna de ní lámh
8. Operation Transformation 2020 (Bunathraigh do Thralaí)
9. Pancóga
10. Oideas le haghaidh burgar baile


# Ár bhFeachtais





Cuirtear ár bpríomhtheachtaireachtaí maidir le sábháilteacht bia, sláinteachas bia agus cothú in iúl ach leas a bhaint as meascán d’fhógraíocht, de chaidreamh poiblí, de mhargaíocht dhíreach, de na meáin dhigiteacha agus shóisialta, d’ócáidí, d’fhoilseacháin, d’urraíocht agus de shuíomh Gréasáin ***safe*****food**.

## Murtall i measc leanaí - START

Mórdhúshlán sláinte poiblí ar oileán na hÉireann is ea meáchan sláintiúil a chothabháil i measc leanaí. Chun cabhrú le haghaidh a thabhairt air sin, chuaigh ***safe*****food** i mbun feachtas feasachta poiblí cúig bliana ar a dtugtar ‘START’ i gcomhpháirt leis na Ranna Sláinte (in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann), leis an gclár Éire Shláintiúil, le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus leis an nGníomhaireacht Sláinte Poiblí. Cuireadh tús leis an bhfeachtas i bhFómhar na bliana 2017 agus leanfar leis suas go deireadh na bliana 2022. Tá an feachtas ar cheann de na gníomhartha atá sa straitéis ‘Meáchan Sláintiúil d’Éirinn 2016 – 2025’ agus cumhdaítear ann ceann de na réimsí oibre atá leagtha amach sa straitéis ‘Todhchaí Níos Aclaí do Chách 2012 – 2022’ (Tuaisceart Éireann).



Is é an aidhm atá le START spreagadh a thabhairt do thuismitheoirí agus do chúramóirí an chéad bheart agus bearta leanúnacha a dhéanamh ar mhaithe le sláinte a leanaí ach athrú beag amháin, nó 'éacht laethúil', a dhéanamh ar dtús agus leanúint leis na héachtaí sin a dhéanamh ansin, is cuma cé chomh minic agus a chuireann an saol bac orthu déanamh amhlaidh. Tá an feachtas ceaptha chun bheith praiticiúil, tuisceanach agus tacúil.

San fheachtas START, tugtar aghaidh ar sheacht n-iompraíocht thábhachtacha a bhaineann le meáchan sláintiúil coirp a chothabháil. Sna teachtaireachtaí feachtais fianaisebhunaithe, cuirtear athrú iompraíochta agus nósanna stíle maireachtála sláintiúla chun cinn i measc leanaí agus a dteaghlaigh, ar aon dul leis an treoir maidir le bia sláintiúil agus gníomhaíocht fhisiciúil. Go háirithe, tugtar spreagadh agus tacaíocht do theaghlaigh na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- An méid bianna atá ar mhórán saille, salainn agus siúcra a thógtar a íoslaghdú
- Uisce agus bainne a bhunú mar ghnáthdheochanna
- Codanna atá oiriúnach do leanaí a thabhairt do leanaí
- An líon roghanna bia shláintiúil atá ar fáil do leanaí a mhéadú – tuilleadh torthaí, glasraí agus sailéad
- Leibhéil ghníomhaíochta fisiciúla a mhéadú
- Am scáileáin a theorannú
- Gnáthamh agus fad cuí codlata a bheith ag leanaí

Mar thoradh ar theacht phaindéim Covid-19 go hoileán na hÉireann, tháinig athrú bunúsach ar an dóigh ar chaith teaghlaigh a saol. Bhí ar thuismitheoirí déileáil go comhuaineach le scolaíocht bhaile agus le hobair ón mbaile, nó le post a chailleadh, agus d'fhéadfadh go raibh orthu aire a thabhairt do ghaolta scothaosta freisin. Ag an am céanna, bhí orthu cloí le scaradh sóisialta agus le bearta eile chun leathadh an víris a mhaolú. Am éiginnte ba ea an chéad chéim leithlisithe. Ina theannta sin, cuireadh tuilleadh brú fós ar thuismitheoirí nuair a plúchadh iad le comhairle ar gach rud ba cheart dóibh a dhéanamh chun 'bheith níos táirgiúla sa bhaile' – lenar áiríodh teangacha nua, scileanna nua, cócaráil bhaile, ealaíona agus ceardaíocht, etc., a theagasc.

Bhí sé mar aidhm leis an gcéim den fheachtas i mí na Bealtaine fíorthacaíocht a thairiscint do thuismitheoirí ach cabhair agus comhairle phraiticiúil a thabhairt dóibh chun cabhrú leo an tréimhse dheacair sin a shárú. A bhuí leis sin, tacaíodh leo athruithe beaga a dhéanamh, amhail sónna agus am scáileáin a theorannú agus gníomhaíocht fhisiciúil a mhéadú, agus cuireadh iad ar a suaimhneas freisin nár ghá dóibh 'gach rud' a dhéanamh. Glacadh cur chuige éadrom le linn an fheachtais, agus é mar aidhm leis aire daoine a tharraingt agus comhrá a spreagadh ar bhealaí ina bhféadfadh siad coinneáil sláintiúil agus iad faoi bhrú agus ag leithlisiú.

I dtaighde cáilíochtúil a rinneadh i gcomhar le tuismitheoirí i mí an Mheithimh 2020 tar éis dóibh míonna a chaitheamh ag déileáil le srianta Covid-19 agus scolaíocht bhaile, shainaithin tuismitheoirí go raibh patrúin athraithe chodlata ar an bpríomhfhadhb a bhí le sárú acu agus iad ag iarraidh réim bia agus stíl mhaireachtála shláintiúil a chothabháil dá leanaí. Ba é sin an rud is tábhachtaí maidir le hiompraíochtaí sláintiúla eile a chothú, dar leis na daoine ar éirigh leo gnáthamh a chothabháil. I dtaighde margaidh breise a rinneadh sa dá dhlínse chun imscrúdú a dhéanamh ar na hathruithe i bpatrúin chodlata i measc leanaí, leagadh béim ar an tionchar a imríonn patrúin athraitheacha chodlata ar shláinte agus folláine leanaí.

Bhí sé mar aidhm leis an gcéim den fheachtas START i mí Lúnasa cabhair agus comhairle phraiticiúil a thabhairt do thuismitheoirí ar conas déileáil leis an bhfilleadh ar ghnáthamh don scoilbhliain nua, agus béim á cur ar ghnáthaimh chodlata a athbhunú. Le linn chéim 7, féachadh le fíorthacaíocht a thairiscint do thuismitheoirí agus aithníodh arís eile gur 'Laoch an duine a dhéanann na cinntí géara', de réir mar a thug tuismitheoirí gnáthaimh shláintiúla chodlata ar ais chun cabhrú le gnáthaimh shláintiúla chomhfhreagracha a bhunú ó thaobh réim bia agus gníomhaíochta de. Le linn an fheachtais, féachadh le dul i bhfeidhm ar thuismitheoirí ach fíorscéal na tuismitheoireachta faoi bhrú a léiriú dóibh agus cuireadh iompraíochtaí i láthair lena gcabhraítear le gnáthaimh níos fearr chodlata a bhunú.

Chun cabhrú le bonn eolais a chur faoi theachtaireachtaí an fheachtais le linn amanna éiginnte, rinneadh sraith agallamh taighde cháilíochtúil le tuismitheoirí le linn mhí na Bealtaine, mhí Iúil agus mhí Mheán Fómhair 2020. Cé gur nochtadh sraith príomh-shaincheisteanna arbh ábhair imní iad do thuismitheoirí le linn na n-agallamh, ní nach ionadh go raibh paindéim Covid-19 ar an ábhar imní is mó a bhí acu. Tráth an taighde, bhí an t-oileán tar éis seacht mí a chaitheamh ag déileáil le paindéim thromchúiseach sláinte poiblí. Dúirt tuismitheoirí freisin go raibh gráin acu ar threoracha a bhí críochnúil nó diúltach agus go raibh fonn orthu roinnt dearfachta a chur lena saol. Údar misnigh ba ea gur chuir tuismitheoirí in iúl gurbh fhearr leo tús áite a thabhairt 'd'am teaghlaigh' chun a chinntiú go mbeadh a leanaí cosanta, sásta agus sláintiúil.

Úsáideadh na léargais sin chun bonn eolais a chur faoin gcéim den fheachtas i mí na Samhna, inar díríodh ar am teaghlaigh a chur i láthair mar dheis chun nósanna níos sláintiúla a thabhairt isteach an athuair sa bhaile. Ba é teideal na céime sin ná 'an chuid is fearr a bhaint as am teaghlaigh', áit ar tugadh spreagadh do dhaoine am teaghlaigh a úsáid chun 'éacht laethúil amháin' a dhéanamh agus chun bheith níos sláintiúla mar theaghlach.

Tar éis bliain an-dúshlánach, ar lena linn a bhí margadh plódaithe ann le haghaidh teachtaireachtaí sláinte poiblí de bharr phaindéim Covid-19, thapaigh ***safe*food** agus a chuid comhpháirtithe an deis chun a machnamh a dhéanamh ar an bhfeachtas agus rinne siad meastóireacht ar an gcéad trí bliana den fheachtas chun bonn eolais a chur faoi ghníomhaíocht sa dá bhliain a bhí fágtha.

## Ní lámh

Tháinig feachtas ní lámh ***safe*food**, agus Rufus, an laoch ní lámh, chun tosaigh le linn phaindéim Covid-19. Ba é an feachtas is tráthúla agus is oiriúnaí riamh. Ós rud é go raibh an feachtas ar siúl le dhá bhliain cheana féin tráth thús na paindéime, bhí ***safe*food** i riocht maith chun freagairt don phaindéim agus chun faisnéis aoisoiriúnach a sholáthar chun leanaí óga a chosaint. Seachas an earnáil réamhscoile amháin a chumhdach, leathnaíodh an feachtas chun go n-áireofaí leis freisin leanaí i rang a haon i dTuaisceart Éireann agus naíonáin shóisearacha in Éirinn.

Lean ***safe*food** le leas a bhaint as a arracht mór cairdiúil clúmhach chun an chéim is déanaí dá chlár Ní Lámh a sheoladh, rud a raibh mar aidhm leis rud spraíúil do leanaí óga a dhéanamh d'fhoghlaim faoi dhea-nósanna ní lámh agus cosc a chur ar leathadh baictéar amhail E. coli agus víreas Covid-19. Comhroinneadh sócmhainní uile an fheachtais go forleathan le geallsealbhóirí ábhartha chun tuilleadh béime a chur ar a thábhachtaí atá ní lámh maidir le leathadh an víris a stopadh.

D'fhormhuinigh Peter Weir CTR, an tAire Oideachais i dTuaisceart Éireann, cur i bhfeidhm an chláir i ngach réamhscoil agus bunscoil reachtúil agus neamhreachtúil ar fud na dlínse.

Fuair **níos mó ná 9,000** ceann de réamhscoileanna agus de bhunscoileanna ar oileán na hÉireann Pacaí Ní Lámh Rufus.

Dúirt **níos mó ná tuismitheoir amháin as gach triúr** (35%) gur bhain siad úsáid as áiseanna chun cabhrú lena leanaí foghlaim faoi ní lámh sna sé mhí seo a chuaigh thart.

Bhí **beagnach tuismitheoir amháin as gach ceathrar** (24%) ar an eolas faoi Phaca Ní Lámh Rufus, agus scoileanna (37%) agus naíolanna (34%) ar na háiteanna is coitianta inar tháinig siad ar an eolas faoin acmhainn.






Fuair **95%** de réamhscoileanna Paca Rufus, i gcomparáid le 68% sa bhliain 2019, agus 99% díobh ag rá gur bhain siad úsáid as an bpaca gach lá.

Creideann níos mó ná **ochtar tuismitheoirí as gach deichniúr** (85%) ar bhain a leanaí úsáid as an acmhainn gur athraíodh iompraíocht ní lámh a linbh dá barr. B'airde i bhfad an figiúr ina leith sin in Éirinn (91%) ná i dTuaisceart Éireann (65%).

Tugadh iompraíocht dhearfach faoi deara, agus **méadú** ann, ó 53% sa bhliain 2019 go 68% sa bhliain 2021, sa chéatadán de leanaí a chuimhnigh ar na cúig chéim.

Nuair a fiafraíodh díobh ar chabhraigh an paca le ní lámh a threisiú, dúirt **87%** de mhúinteoirí réamhscoile agus **92%** de mhúinteoirí bunscoile gur chabhraigh sé.

Bhain **beagnach leath** na dtuismitheoirí (49%) a bhí ar an eolas faoi Phaca Acmhainne Ní Lámh Rufus úsáid as an bpaca sa bhaile. Bhí an figiúr ina leith sin cothrom le 48% in Éirinn. Bhí sé níos airde fós i dTuaisceart Éireann, agus é cothrom le 56%.

## Bunathraigh do Thralaí

Chuaigh ***safe*food** agus Comhghuaillíocht na nIonad Maireachtála Sláintiúla i dTuaisceart Éireann i bpáirt lena chéile chun tacú le teaghlaigh a dtralaithe a bhunathrú agus rogha bia níos sláintiúla agus níos cothromaithe a cheannach. Gné ríthábhachtach de bhia sláintiúil a ithe is ea an liosta siopadóireachta seachtainiúil a phleanáil. In éagmais straitéis siopadóireachta, is minic a cheannaíonn daoine sónna in ionad go leor comhábhar chun béilí iomlána a dhéanamh. Bhí sé mar aidhm leis an gclár pobaltreoraithe seo eolas a mhéadú faoi phleanáil béilí, daoine a spreagadh bia sláintiúil a cheannach agus bunscileanna cócarála a fheabhsú chun cabhrú le daoine athruithe praiticiúla a dhéanamh i dtreo réim bia níos sláintiúla a bheith acu san fhadtéarma. Sholáthair na hIonaid Mhaireachtála Sláintiúla sraith ceardlann a raibh leathanach Gréasáin agus cuntas meán sóisialta don fheachtas ag gabháil leo, áit ar soláthraíodh treoracha agus comhairle maidir le pleanáil béilí, maidir le siopadóireacht bia agus maidir le bia sláintiúil chun cabhrú le teaghlaigh na hathruithe praiticiúla beaga a dhéanamh a theastaíonn chun saol níos sláintiúla a chaitheamh.

Ghlac trí Ionad Maireachtála Sláintiúla dhéag páirt sa chlár, agus clár cothaithe ar líne agus feachtas meán sóisialta á sholáthar ag gach ceann díobh ar feadh sé seachtaine. Cuireadh teachtaireachtaí an fheachtais in iúl do bhreis agus 40,000 duine trí chainéil dhifriúla meán sóisialta. Léiríodh sa suirbhé a rinneadh tar éis an fheachtais go raibh feabhas suntasach ann ar roinnt iompraíochtaí difriúla. Mar shampla, tháinig méadú, ó 15% roimh an bhfeachtas go 60% ina dhiaidh, ar an gcéatadán de dhaoine a scríobhann liosta siopadóireachta an chuid is mó den am. Bíonn an moladh go n-íosfaí 'cúig phíosa torthaí agus glasraí sa lá' á chomhlíonadh agus ag 23% de na daoine a ghlac páirt sa chlár, suas ó 6%. Bhraith beagnach gach duine a ghlac páirt sa chlár gur athraigh sé an dóigh a n-itheann teaghlaigh nó a n-íosfadh siad sa todhchaí (98%) agus d'aithin 99% díobh ***safe*food** mar fhoinse iontaofa faisnéise.

## Operation Transformation

Bhain ***safe*food** úsáid as an bhfeachtas tomhaltóirí 'Bunathraigh do Thralaí' chun tacú lena urraíocht ar Operation Transformation ar RTÉ. Bhí sé mar aidhm leis an bhfeachtas arís eile spreagadh a thabhairt do thomhaltóirí rogha bia níos cothromaithe agus níos sláintiúla a cheannach. Chuaigh ***safe*food** i bpáirt le Aoife Hearne, saineolaí cothúcháin de chuid Operation Transformation, agus le Joel Mawhinney, draíodóir ó Chontae an Dúin, chun a léiriú do dhaoine nach gá dóibh a bheith ina ndraíodóir chun a dtralaí a bhunathrú.

Díríodh san fheachtas ar cheithre chéim thábhachtacha a thógáil i dtreo rogha bia níos cothromaithe agus níos sláintiúla a cheannach, lena n-áirítear na cófraí, an cuisneoir agus an reoiteoir a sheiceáil, do bhéilí a phleanáil, liosta siopadóireachta a scríobh, agus seiceáil amhairc a dhéanamh ar an tralaí sula mbaineann tú an cuntar amach chun súil a choinneáil ar aon mhíreanna neamhphleanáilte agus ar an gcothromaíocht idir bianna sláintiúla agus bianna míshláintiúla. Bhí ***safe*food** i láthair ag rith 5 km Operation Transformation i bPáirc an Fhionnuisce chun reathairí a spreagadh agus chun 2,500 mála don bheatha a dháileadh orthu, lenar áiríodh buidéil ath-inúsáidte uisce agus bileog ar a raibh leideanna ón bhfeachtas.



safefood


Andrew Castles, ball foirne de chuid ***safe*food**, agus Suzie Lee, laoch cócarála baile, ag seoladh fheachtas na Nollag i dTuaisceart Éireann

# Feachtas sábháilteachta bia na Nollag

Am tábhachtach do ***safe*food** maidir le comhairle sábháilteachta bia a chur in iúl faoi conas turcaí a stóráil, a láimhseáil, a ullmhú agus a chócaráil go sábháilte is ea an Nollaig. Agus breis agus 1 mhilliún turcaí á gcócaráil gach bliain, bíonn cistineacha baile níos gnóthaí um Nollaig ná ag aon am eile den bhliain. Ós rud é gur gnách go mbíonn na ceithre phrionsabal um shábháilteacht bia – cócaráil, glanadh, fuarú agus traséilliú – i gceist le turcaí a ullmhú agus a chócaráil, oibríonn ***safe*food** go réamhghníomhach le linn mhí na Nollag chun na hiompraíochtaí coisctheacha tábhachtacha sin a mheabhrú do chócairí.

D’fhág na srianta a bhí ar thionól daoine de dheasca phaindéim Covid-19 sa bhliain 2020 go mbeadh dinnéar traidisiúnta na Nollag an-difriúil leis na cinn a bhí ann roimhe sin – moladh do dhaoine teacht le chéile ina ngrúpaí beaga agus gan cuairt a thabhairt ar thithe eile agus, i gcás aon daoine a raibh sé de rún acu cuairt a thabhairt ar bhaill teaghlaigh, moladh dóibh an chuairt a choinneáil gearr. Ina theannta sin, thug feirmeoirí turcaí rabhadh le linn mhí na Samhna nach mbeadh siad in ann freastal ar an éileamh méadaithe a bheadh ag tomhaltóirí ar thurcaithe beaga mar gheall ar na srianta sóisialta atá luaite thuas. Ina fhianaise sin, díríodh i bhfeachtas na bliana 2020 ar chumarsáid a dhéanamh le cócairí núíosacha Nollag agus ar bhota comhrá nuashonraithe ***safe*food** agus ár n-áireamhán cócarála bunaithe ar líne a chur chun cinn. Leanann an méid sin le ***safe*food** a shuí mar fhoinse iontaofa comhairle sábháilteachta bia um Nollaig.

Seoladh feachtas Nollag na bliana 2020 an 3 Nollaig. Cé go raibh an feachtas dírithe ar gach cócaire baile, rinneadh iarracht ar leith ann cabhair a thabhairt do chócairí núíosacha. Measadh go mbeadh 17% de dhaoine idir 18 mbliana d’aois agus 34 bliana d’aois i dTuaisceart Éireann agus 9% de dhaoine in Éirinn, nó thart ar 315,000 duine san iomlán, ag cócaráil dhinnéar na Nollag den chéad uair riamh sa bhliain 2020. Ba é sprioc an fheachtais ná méadú a dhéanamh ar an líon cuairteanna ar mhol na Nollag ar shuíomh Gréasáin ***safe*food** agus ar an úsáid a bhaintear as ár gcuid uirlisí agus acmhainní faisnéise eile. Bhí béim mhéadaithe ann i mbliana ar Bhota Comhrá nua ***safe*food** a chur chun cinn, rud a bhí ar fáil ar Google Assist agus ar Alexa agus a bhí ar fáil ar Facebook Messenger cheana féin ón mbliain 2017 i leith. Bhí an fhaisnéis riachtanach ar fad le fáil ar an suíomh Gréasáin, idir leideanna sábháilteachta bia, áireamhán ama cócarála don turcaí agus oidis bhlasta don fhuílleach. Bíonn mí na Nollag ar an mí is gnóthaí den bhliain ar ár suíomh Gréasáin agus, sa bhliain 2020, thug breis agus **110,000** duine cuairt ar ár suíomh idir Oíche Nollag agus Lá Nollag chun sárchomhairle cócarála a fháil.

D’fhormhuinigh Paul Flynn, príomhchócaire mór le rá, agus Suzie Lee, laoch cócarála baile, an feachtas in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann faoi seach.


Taifeadadh **338,398** n-amharc leathanaigh ar shuíomh Gréasáin ***safe*food** i mí na Nollag.


Ba chuig an áireamhán cócarála ar líne a chuaigh **46%** den trácht Gréasáin ar fad.

Tháinig méadú **126.4%** ar thrácht i mí na Nollag 2020, i gcomparáid leis an bhfigiúr do mhí na Samhna 2020.

Chuaigh cumhdach caidrimh phoiblí i bhfeidhm ar **níos mó ná 4m** duine in Éirinn agus ar thart ar **5m** duine i dTuaisceart Éireann.

Bhí an t-áireamhán cócarála turcaí ar líne ar an **leath-anach is mó amharc** sa bhliain 2020.






## An lá domhanda sábháilteachta bia


Bíonn campalabaictéar ar an gcúis is coitianta le nimhiú baictéarach bia ar oileán na hÉireann. Is iad na daoine atá sa bhaol is mó nimhiú baictéarach bia a fhulaingt ná daoine an-óg, daoine scothaosta, daoine ar a bhfuil riocht sláinte atá ann cheana, agus mná torracha.

Ós rud é gurb é sicín amh an príomh-mheán le haghaidh ionfhabhtuithe, tá sé ríthábhachtach go n-ullmhófaí bia go sábháilte sa bhaile chun ionfhabhtuithe campalabaictéir a chosc.

I mí an Mheithimh 2020, ar an Lá Domhanda Sábháilteachta Bia (7 Meitheamh), an chéad lá dá leithéid, sheol ***safe*food** feachtas feasachta chun teachtaireacht thábhachtach sábháilteachta bia a chur in iúl – ná nigh sicín amh riamh. Chuimsigh an feachtas na nithe seo a leanas:

- Fógraíocht físeáin ar éileamh
- Fógraíocht díolphointe ar na hanlaí ar thralaithe siopadóireachta ollmhargaidh
- Fógraíocht póstaeir i gcomharsanacht mórláithreacha ollmhargaidh
- Fógraíocht dhigiteach ar líne
- Fógraíocht ar chainéil meán sóisialta
- Preaseisiúint agus gairm grianghraf

Bhí **32,992** amharc leathanaigh ann ar an suíomh Gréasáin, a bhí freagrach as 10.5% den trácht ar fad le linn thréimhse an fheachtais.



## Fulacht

Chomhroinn ***safe*food** comhairle sábháilteachta bia ó na saineolaithe agus liostáil sé Donal Skehan, príomhchócaire mór le rá, chun a chur in iúl do chócairí baile go bhfuil burgair atá cócaráilte go maith ar na burgair is fearr. Agus daoine á spreagadh am a chaitheamh amuigh faoin spéir de bharr phaindéim Covid-19, ar aon dul leis an gcomhairle Sláinte Poiblí, tháinig méadú ar dhíolacháin feolta fulachta agus táirgí fulachta. Thapaigh ***safe*food** an deis chun meabhrú do dhaoine a chinntiú go bhfuil a mburgair cócaráilte go maith acu agus cosc a chur ar aon earráidí sábháilteachta bia ar dá mbarr a d'fhéadfadh daoine éirí tinn.




Bhí an feachtas sábháilteachta bia samhraidh dar teideal 'well done' le feiceáil ar chainéil dhigiteacha lasmuigh agus ar chainéil meán sóisialta ina chéimeanna idir mí na Bealtaine agus mí Iúil. Mar chuid den fheachtas, úsáideadh teicneolaíocht nua i réimse na fógraíochta digití lasmuigh. Gníomhachtaíodh fógraíocht an fheachtais nuair a sháraigh an teocht chomhthimpeallach 18 gCéim agus áiríodh léi an líne 'It's a hot one'. Bhí sé mar aidhm leis sin dul i bhfeidhm tuilleadh ar shiopadóirí ollmhargaidh ar laethanta ar a raibh an seans is mó ann go mbeadh fulachtaí ar siúl.

Gineadh na nithe seo a leanas mar thoradh ar an bhfeachtas

**49** bpíosa cumhdaigh sna meáin **33** phíosa cumhdaigh i bhformáidí clóite agus ar líne **52** nóiméad d'agallaimh ar an raidió agus ar an teilifís.

Bhí **12,957** n-amharc ann ar leathanach Gréasáin an fheachtais. Ba é trácht Díreach an phríomhfhoinse tráchta, agus 5,863 amharc ag teacht ón bhfoinse sin. Foilsíodh preaseisiúint ar an suíomh Gréasáin freisin, rud a bhí freagrach as 38 n-amharc leathanaigh agus as 17,823 amharc ar an leathanach fulachta sa rannán sábháilteachta bia ar ar cuireadh an phreaseisiúint chun cinn.






# Oibríochtaí Corparáideacha



Cuimsíonn na seirbhísí a sholáthraítear na réimsí seo a leanas, agus iad go léir ag rannchuidiú le spriocanna gnó agus straitéis ***safe*food** a sholáthar go héifeachtach éifeachtúil: cuntasaíocht agus airgeadas; soláthar; acmhainní daonna; teicneolaíocht faisnéise; cúrsaí dlí; rialachas; iniúchóireacht; agus cosaint sonraí.

## An Bord Comhairleach

Tionóladh sé chruinniú de chuid an Bhoird Chomhairligh le linn na bliana. Tionóladh ceann amháin de na cruinnithe i mBaile Átha Cliath agus cuireadh na cinn eile ar siúl ar líne de bharr shrianta Covid-19. Cuireadh an cruinniú a bhí sceidealaithe do mhí an Mhárta ar ceal chun deis a thabhairt do ***safe*food** agus do na comhaltaí den Bhord oiriúnú don chianobair agus na tacaí riachtanacha a chur i bhfeidhm. Tá mionsonraí freastail, mar aon leis na táillí a íocadh le comhaltaí den Bhord Comhairleach, ar áireamh ar leathanach 39. Chuaigh comhalta amháin ar scor agus cheap an Chomhairle Aireachta Thuaidh/theas beirt chomhaltaí nua sa bhliain 2020.

| | |
|---|---|
| **Helen O'Donnell** | 6 |
| **Alex Attwood** (a ceapadh an 16 Nollaig 2020) | n/b |
| **Teresa Canavan** (a ceapadh an 16 Nollaig 2020) | n/b |
| **Maeve Henchion** (a ceapadh an 3 DF 2020) | 1 |
| **Brendan Kehoe** | 6 |
| **Sinéad McCarthy** (a ceapadh an 3 DF 2020) | 2 |
| **Alan McGrath** | 6 |
| **Wendy McIntosh** | 6 |
| **Stephen Moutray** | 5 |
| **Mervyn Oswald** (a chuaigh ar scor i Nollaig 2020) | 5 |
| **Eddie Rooney** | 6 |
| **Mary Upton** | 5 |

## An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Cuimsíonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca beirt chomhaltaí den Bhord Comhairleach agus beirt chomhaltaí seachtracha, a ndéanann duine amháin díobh cathaoirleacht ar an gcoiste. Tá taithí ghairmiúil ábhartha leathan ag an mbeirt chomhaltaí seachtracha den choiste. Thionóil an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ceithre chruinniú fhíorúla le linn na bliana 2020.

Fostaíonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca iniúchóirí gairmiúla seachtracha chun clár iniúchtaí inmheánacha a sheoladh agus athbhreithníonn sé an clár rioscaí ag gach cruinniú chun iomláine an chláir a mheas agus chun a chinntiú go bhfuil gach beart cuí i bhfeidhm chun rioscaí a rialú agus a mhaolú. Déanann Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus Oifig Iniúchóireachta Thuaisceart Éireann Iniúchadh Seachtrach ar ***safe*food** i gcomhar lena chéile. Tá ról neamhspleách ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca maidir le dearbhú a thabhairt don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin mar oifigeach cuntasaíochta agus don Bhord Comhairleach ar nithe rialaithe inmheánaigh, bainistíochta riosca agus iniúchóireachta agus dearbhaithe mar chuid den athbhreithniú córasach a dhéantar ar na rialuithe inmheánacha agus na nósanna imeachta rialachais atá i bhfeidhm ag ***safe*food**.

**Na comhaltaí den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus freastal na gcomhaltaí ar chruinnithe sa bhliain 2020**

| | |
|---|---|
| An líon cruinnithe | 4 |
| An tUas. Alan Myles (Cathaoirleach) | 4 |
| An tUas. Alan McGrath | 4 |
| An Dr Eddie Rooney | 4 |
| Mairéad Ní Cheadagáin | 4 |

## Cearta an Duine agus Comhionannas

Ceanglaítear ar ***safe*food** an reachtaíocht um Chomhionannas agus um Chearta an Duine a chomhlíonadh sa dá dhlínse. Le linn na bliana 2020, rinne ***safe*food** dlúthfhaireachán ar an dul chun cinn a bhí á dhéanamh aige ar na gealltanais atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaíochta Míchumais uaidh don tréimhse 2016-2020 a chomhlíonadh. Cuirtear oiliúint rialta ar gach ball foirne chun feasacht a spreagadh ar shaincheisteanna míchumais agus comhionannais agus cuirtear an oiliúint sin san áireamh sa phróiseas ionduchtúcháin foirne. Cuireadh an Tuarascáil Bhliantúil maidir le Comhionannas (atá foilsithe ar shuíomh Gréasáin ***safe*food**) agus an Plean Gníomhaíochta Míchumais faoi bhráid an Choimisiúin Chomhionannais (Tuaisceart Éireann) ar bhealach tráthúil. Trí chlár earcaíochta ***safe*food**, tugtar spreagadh gníomhach do dhaoine faoi mhíchumas iarratas a dhéanamh ar róil.

## An Coiste Comhairleach

Faigheann ***safe*food** cúnamh ó Choiste Comhairleach a chuimsíonn saineolaithe a bhfuil raon leathan saineolais ghairmiúil, taithí gairmiúla agus cúlraí gairmiúla acu sna réimsí seo a leanas: Eolaíocht Bia; Réim Bia agus Sláinte; an Tionscal Bia; Cumarsáid agus Athrú Iompraíochta; agus nithe Stáit agus Rialála. Is rud deonach é gníomhú mar chomhalta den Choiste agus is é an ról uileghabhálach atá ag na comhaltaí ná comhairle agus treoir theicniúil a sholáthar chun cabhrú le ***safe*food** na gnéithe de na Pleananna Corparáideacha agus Gnó Bliantúla trí bliana uaidh a chomhlíonadh. Comhlánaíonn an Coiste Comhairleach an obair a dhéanann Bord Comhairleach ***safe*food** agus ceapann an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas an Coiste agus an Bord araon.

Chuaigh na comhaltaí amach uile den Choiste ar scor an 9 Samhain 2019, ar aon dul lena dtéarmaí ceapacháin. Cheap an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas dháréag aonair mar chomhaltaí de Choiste Comhairleach ***safe*food** an 2 Deireadh Fómhair 2020. Is iad seo na comhaltaí sin: -

- An tOll. Elizabeth Keane (Iarchomhalta, a athcheapadh chuig an gCoiste)
- An tOll. Mary Corcoran (Iarchomhalta, a athcheapadh chuig an gCoiste)
- An tOll. Mary Brennan
- Anne Marie Crowley Uas.
- Mary Daly Uas.
- An Dr Nazih Eldin
- An Dr Rhodri Evans
- Claire MacEvilly Uas.
- An tOll. Eileen Gibney
- An tOll. Frank Monahan
- An Dr Muiris Ó Céidigh
- An Dr Martin Rose

Ceapadh an tOll. Elizabeth Keane mar chathaoirleach.

Le linn mhí na Samhna agus mhí na Nollag 2020, chuir ***safe*food** sraith cruinnithe ionduchtúcháin aonair i gcrích leis na comhaltaí nua.

## Nochtadh Cosanta

Ceanglaítear le halt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, go bhfoilseofaí tuarascáil gach bliain maidir leis an líon nochtaí cosanta a rinneadh sa bhliain roimhe agus go bhfoilseofaí freisin faisnéis maidir le haon ghníomhartha a rinneadh i leith na nochtaí cosanta a rinneadh.

Ní bhfuair ***safe*food** aon nochtaí cosanta sa tréimhse tuairiscithe suas go dtí an 31 Nollaig 2020.

## Plean Gnó 2021

Cuireadh an Plean Gnó faoi bhráid an dá roinn urraíochta sa bhliain 2020.

## Dearbhú leasanna

Déanann na comhaltaí den Bhord Comhairleach Dearbhú Leasanna gach bliain. Coinnítear Clár Leasanna ar bun agus tá sé ar fáil ach é a iarraidh.

## An caidreamh a rinne *safe*food le príomh-gheallsealbhóirí

Le linn na bliana 2020, ghlac ***safe*food** páirt sa Ghrúpa Oibre um Athrú Iompraíochta de dheasca Covid-19 a bhí faoi stiúir ag an Roinn Sláinte agus thug beirt bhall foirne de chuid ***safe*food** cúnamh sealadach don Fhoireann Sláinte Poiblí a bhí faoi stiúir ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte in Éirinn. Thug ***safe*food** cúnamh don Ghrúpa um Athrú Iompraíochta de dheasca Covid-19 a bhí faoi stiúir ag an nGníomhaireacht Sláinte Poiblí i dTuaisceart Éireann freisin. D'fhreastail an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus Cathaoirleach an Bhoird Chomhairligh (go fíorúil) ar an gcruinniú de chuid na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas maidir leis an Earnáil Sláinte agus Sábháilteachta Bia i mí Dheireadh Fómhair.

# Tuarascáil maidir le Luach Saothair

## Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

Leis an Treoir maidir le Tuarascálacha Bliantúla agus Cuntais Bhliantúla na gComhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh/Theas arna heisiúint go comhpháirteach ag an Roinn Airgeadais sa Tuaisceart agus ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe sa Deisceart, ceanglaítear go nochtfaí faisnéis faoin luach saothair agus faoi na teidlíochtaí pinsin de chuid ball foirne sinsearach áirithe. Toisc go measann an Bord go sárófaí an reachtaíocht cosanta sonraí dá nochtfaí an fhaisnéis sin, ní dhearna ***safe*food** aon nochtaí ina leith sin.

### Beartas maidir le Luach Saothair

Is é beartas ***safe*food** maidir le luach saothair ná na tuarastail agus na téarmaí agus na coinníollacha Earnála Poiblí a léiriú do gach ball foirne. Is é atá sna scálaí pá cuí do gach grád ná roinnt pointí pá idir an pointe íosta agus an pointe uasta, rud a éascaíonn dul chun cinn i dtreo an phointe uasta.

### Bandaí Tuarastail

Is é seo an líon fostaithe ag deireadh na bliana ar tháinig a ndíolaíochtaí (ranníocaíochtaí pinsin san áireamh) faoi na bandaí seo a leanas (ina léirítear na díolaíochtaí bliantúla):-

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| €20,000 – €30,000 | 4 | 3 |
| €30,001 – €40,000 | 5 | 5 |
| €40,001 – €50,000 | 3 | 3 |
| €50,001 – €60,000 | 8 | 8 |
| €60,001 – €70,000 | 3 | 3 |
| €70,001 – €80,000 | 1 | 3 |
| €80,001 – €90,000 | 3 | 2 |
| €90,001 – €100,000 | 2 | 1 |
| €100,001 – €110,000 | 0 | 2 |
| €110,001 – €120,000 | 3 | 1 |

### Bónais agus Sochair Chomhchineáil

Níl sé mar bheartas ag ***safe*food** aon íocaíochtaí bónais a dhéanamh le comhaltaí den phríomhfhoireann bhainistíochta ná le baill foirne. Ní dhearnadh aon íocaíochtaí bónais sa bhliain 2020 ná sa bhliain 2019.

Chun comóradh 20 bliain bhunú ***safe*food** a aithint sa bhliain 2019, bronnadh dearbhán arbh fhiú €250 é ar 28 mball foirne bhuana. Níor tugadh aon sochair chomhchineáil eile don phríomhfhoireann bhainistíochta ná do bhaill foirne sa bhliain 2020 ná sa bhliain 2019.

### Conarthaí Seirbhíse

Is de réir bheartas earcaíochta ***safe*food** a dhéantar gach ceapachán chuig róil ardbhainistíochta agus chuig róil thábhachtacha, ar beartas é lena gceanglaítear go ndéanfaí an ceapachán ar bhonn oiriúnachta agus inniúlachta. Faigheann gach ball foirne conradh fostaíochta tráth a cheaptar iad, rud ina mionsonraítear a dtéarmaí agus a gcoinníollacha. Déantar íocaíochtaí foirceanta de réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha sin. Ní dhearnadh aon íocaíochtaí foirceanta, aon íocaíochtaí cúitimh ná aon scaoilíocaíochtaí le linn na bliana 2020.

### Luach Saothair na Príomhfhoirne Bainistíochta

Tá luach saothair agus teidlíochtaí pinsin an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin leagtha amach i nóta 3(c) de na Ráitis Airgeadais.

Cuimsíonn an Phríomhfhoireann Bhainistíochta an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, an Stiúrthóir um Oibríochtaí Corparáideacha, an Stiúrthóir um Margaíocht agus Cumarsáid, an Stiúrthóir um Eolaíocht Bia, agus an Stiúrthóir um Shláinte an Duine agus Cothú. B'ionann an luach saothair iomlán a íocadh leis an bPríomhfhoireann Bhainistíochta sa bhliain 2020 agus €513,049 (GBP£456,460) (2019: €446,727 (GBP£392,124)).

**Socruithe Pinsin**

Tá na baill foirne agus na bainisteoirí uile ina gcomhaltaí den Scéim Pinsean Thuaidh/Theas, rud ar bhunaigh na Comhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh/Theas agus Turasóireacht Éireann Teoranta é le héifeacht ón 29 Aibreán 2005. Is scéim pinsean sochair shainithe í an scéim, a chistítear gach bliain ar bhonn íoc-mar-a-théitear ó airgead a fhaightear ó Státchiste na Ríochta Aontaithe agus ó Státchiste na hÉireann. Soláthraíonn an Roinn Sláinte sa Deisceart agus an Roinn Sláinte sa Tuaisceart cistiú don Chomhlacht. Riarann riarthóir seachtrach an scéim.

**Nochtadh maidir le Pá Cóir**

Ceanglaítear ar ***safe*****food** luach saothair airmheánach a fhoirne a nochtadh. Tá an tsuim sin bunaithe ar luach saothair bliantúlaithe coibhéise lánaimseartha a fhoirne ar fad amhail an 31 Nollaig 2020. Ceanglaítear air freisin raon an luacha saothair foirne agus an cóimheas idir luach saothair airmheánach na foirne agus lárphointe luach saothair bandáilte an stiúrthóra is airde pá a nochtadh.

| | 2020 € | 2019 € | 2020 GBP£ | 2019 GBP£ |
|---|---|---|---|---|
| Lárphointe bhanda an stiúrthóra is airde pá | 115,653 | 113,998 | 102,896 | £100,064 |
| Luach saothair airmheánach na foirne | 57,261 | 54,730 | 50,945 | 48,040 |
| Cóimheas | 2.02 | 2.08 | 2.02 | 2.08 |
| Raon an luacha saothair foirne | €25,499 go €115,653 | €24,875 go €113,998 | £22,687 go £102,896 | £21,836 go £100,064 |

B'ionann luach saothair an stiúrthóra is airde pá sa bhliain 2020 agus €115,653 (GBP£102,896) (2019: €113,998 (GBP£100,064)). Bhí sé sin 2.02 uair (2019: 2.08 uair) níos airde ná tuarastal airmheánach an fhórsa saothair sa bhliain 2020, rud a bhí cothrom le €57,261 (GBP£50,945) (2019: €54,730 (GBP£48,040)).

Áirítear tuarastal leis an luach saothair iomlán. Ní áirítear leis an luach saothair iomlán an ranníocaíocht pinsin ón bhfostóir ná luach aistrithe na bpinsean mar choibhéis airgid.

# Táillí an Bhoird Chomhairligh

| | 2020 € | 2019 € | 2020 GBP£ | 2019 GBP£ | 2020 Cruinnithe ar Freastalaíodh Orthu | 2019 Cruinnithe ar Freastalaíodh Orthu |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Helen O'Donnell | 11,970 | 11,970 | 10,650 | 10,507 | 6 | 6 |
| Brendan Kehoe | 7,695 | 7,695 | 6,846 | 6,754 | 6 | 7 |
| Alan McGrath | 7,695 | 7,695 | 6,846 | 6,754 | 6 | 5 |
| Mary Upton | 7,695 | 7,695 | 6,846 | 6,754 | 5 | 6 |
| Mervyn Oswald | 5,583 | 5,964 | 4,968 | 5,235 | 5 | 6 |
| Margaret Jeffares | - | 7,302 | - | 6,409 | - | 6 |
| Edmond Rooney | 5,884 | 5,964 | 5,235 | 5,235 | 6 | 7 |
| Wendy McIntosh | 5,884 | 5,964 | 5,235 | 5,235 | 6 | 7 |
| Stephen Moutray | 5,884 | 5,964 | 5,235 | 5,235 | 5 | 4 |
| Meave Henchion | - | - | - | - | 1 | - |
| Sinéad McCarthy | - | - | - | - | 2 | - |

Tionóladh sé chruinniú de chuid an Bhoird Chomhairligh sa bhliain 2020 (2019: 7). B'ionann suim iomlán na dtáillí a íocadh le comhaltaí den Bhord Comhairleach sa bhliain 2020 agus €58,787.73/GBP£52,303 (2019: €66,277/GBP£58,176) agus b'ionann an Ranníocaíocht Árachais Náisiúnta sa bhliain 2020 agus €0/£0 (2019: €0/£0). B'ionann suim iomlán na dtáillí a bhí dlite ag an 31 Nollaig 2020 agus €501. Fabhraíodh na táillí sin do Teresa Canavan Uas. agus don Uas. Alex Attwood, a ceapadh chuig an mBord Comhairleach an 16 Nollaig 2020. Ní raibh aon suimeanna dlite ag an 31 Nollaig 2019. Níor tugadh aon Sochair Chomhchineáil don Lucht Ardbhainistíochta ná do Chomhaltaí den Bhord Comhairleach. D'éiligh Comhaltaí den Bhord Comhairleach €1,576/GBP£1,402 (2019: €9,292/GBP£8,156) san iomlán chun costais taistil agus chothaithe a chumhdach. Tá an tsuim sin ar áireamh sna costais taistil agus chothaithe atá nochta i nóta 4.

# Cuntais 2020




| | |
|---|---|
| Brollach leis na Cuntais | 41 |
| Ráiteas faoi Fhreagrachtaí | 43 |
| Ráiteas faoi Rialú Inmheánach/Ráiteas Rialachais | 44 |
| Deimhniú agus Tuarascáil ó na hArd-Reachtairí Cuntas agus Ciste | 46 |
| Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas | 48 |
| Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach | 49 |
| Ráiteas faoin Staid Airgeadais | 50 |
| Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid | 51 |
| Ráiteas faoi Athruithe i gCothromas | 52 |
| Nótaí leis na Cuntais | 53 |
| Aguisín 1 - Ordachán Cuntas | 70 |

# Brollach leis na Cuntais

## 1. Formáid

Ullmhaítear na Cuntais seo san fhoirm a d'ordaigh an Roinn Sláinte (Tuaisceart Éireann) agus an Roinn Sláinte (Éire) le ceadú na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (Éire) agus na Roinne Airgeadais (Tuaisceart Éireann) agus de réir na socruithe airgeadais atá i gCuid 7 d'Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an Acht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann, 1999, agus leis an Ordú um Chomhoibriú Thuaidh/Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann), 1999.

## 2. Faisnéis Chúlra

Comhlacht Forfheidhmithe a bunaíodh faoi Chomhaontú Bhéal Feirste an 2 Nollaig 1999 is ea an Bord um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia (The Food Safety Promotion Board). Is é reachtaíocht rialaithe an Bhoird ná an tAcht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann, 1999, agus an tOrdú um Chomhoibriú Thuaidh/Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann), 1999.

Leis an reachtaíocht rialaithe, tugtar na feidhmeanna sonracha seo a leanas don Bhord:-

- Sábháilteacht bia a chur chun cinn
- Taighde a dhéanamh ar shábháilteacht bia
- Rabhaidh bhia a thabhairt
- Faireachas a dhéanamh ar ghalair bhia-iompartha
- Comhoibriú agus nasc-cheangail eolaíochta idir saotharlanna a chur chun cinn
- Saoráidí atá éifeachtach ó thaobh costas de a fhorbairt le haghaidh saintástáil saotharlainne

I dteannta na nithe thuas, tá sainchúram ginearálta ar an mBord gníomhú mar fhoinse neamhspleách comhairle eolaíochta.

Is faoin ainm branda '***safe*food**' a oibríonn an Bord um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia.

## 3. Rialachas

Is é/í an Príomhfheidhmeannach a chomhlíonann feidhmeanna an Bhoird. Tuairiscíonn an Príomhfheidhmeannach don Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas. Faigheann an Príomhfheidhmeannach cúnamh ó Bhord Comhairleach agus ó Choiste Comhairleach Eolaíochta. Ba iad seo na comhaltaí den Bhord Comhairleach sa bhliain 2020:

### Bord Comhairleach 2020

- **Helen O'Donnell Uas.** (Cathaoirleach)
- **An tUas. Brendan Kehoe**
- **An tUas. Alan McGrath**
- **An Dr Mary Upton**
- **An tUas. Mervyn Oswald** (A chuaigh ar scor an 12 Nollaig)
- **An Dr Edmond Rooney**
- **Wendy McIntosh Uas.**
- **An tUas. Stephen Moutray**
- **An tOll. Meave Henchion** (A ceapadh an 3 Deireadh Fómhair)
- **An Dr Sinéad McCarthy** (A ceapadh an 3 Deireadh Fómhair)
- **Teresa Canavan Uas.** (A ceapadh an 16 Nollaig)
- **An tUas. Alex Attwood** (A ceapadh an 16 Nollaig)

Chuaigh comhalta amháin den Bhord Comhairleach ar scor le linn na bliana 2020, ar aon dul le téarmaí oifige an chomhalta sin. Cheap an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas ceathrar comhaltaí nua chuig an mBord Comhairleach faoin Acht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann, 1999.

**Coiste Comhairleach 2020**

Cuimsíonn Coiste Comhairleach ***safe*food** dháréag comhaltaí a tarraingíodh ó raon leathan réimsí saineolais agus disciplíní sa dá dhlínse. Tugann an Coiste Comhairleach comhairle ar eolaíochtaí bia, ar an slabhra agraibhia, ar chothú sláinte poiblí, ar an oideachas, ar iompraíocht tomhaltóirí, ar chumarsáid agus ar nithe pobail agus deonacha.

Cheap an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas an Coiste Comhairleach nua (beirt chomhaltaí fillidh agus deichniúr comhaltaí nua) faoin Acht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann, 1999, sa bhliain 2020.

## 4. Torthaí Airgeadais

Tá torthaí an Bhoird um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia leagtha amach go mion ar leathanach 48. Thabhaigh an Bord um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia caiteachas €8,066,182 (£7,176,482) agus fuair sé ioncam €8,691,508 (£7,732,835) le linn na bliana 2020, rud as ar tháinig barrachas €625,326 (£556,353) don bhliain. I gcomparáid leis sin, thabhaigh an Bord um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia caiteachas €8,443,181 (GBP£7,411,699) agus fuair sé ioncam €8,633,549 (GBP£7,578,798) le linn na bliana 2019, rud as ar tháinig barrachas €190,368 (GBP£167,099) don bhliain sin.

## 5. Eachtraí tar éis an Chláir Chomhardaithe

Idir an dáta tuairiscithe agus an dáta a ceadaíodh na ráitis airgeadais seo lena n-eisiúint, ní raibh aon eachtraí ann a fhágann gur gá coigeartú a dhéanamh ar na ráitis airgeadais.

Aithníonn an Bord gur eachtra mhór leanúnach í paindéim Covid-19. Bíonn an Bord ag déileáil go stuama leis an staid agus déanann sé faireachán uirthi ar bhonn leanúnach. Leanann an gnó air ag oibriú de réir na mbeart atá i bhfeidhm chun baill foirne agus geallsealbhóirí ***safe*food** a chosaint. Bíonn formhór na mball foirne ag obair go cianda agus bíonn oibríochtaí agus gníomhaíochtaí á gcoinneáil ar bun againn le linn dúinn oiriúnú don bhealach difriúil ina mbíonn gnó á dhéanamh.

## 6. Síntiúis Charthanúla

Ní bhfuarthas aon síntiúis charthanúla agus ní dhearnadh aon síntiúis charthanúla le linn na bliana.

## 7. Beartais

**Fostaithe faoi Mhíchumas**

Comhlíonann an Bord na ceanglais atá i gCuid 5 den Acht um Míchumas, 2005, maidir le tacú le fostaíocht daoine faoi mhíchumas. Leanann an Bord le bheith tiomanta do bheartas comhdheiseanna a shaothrú agus fáiltíonn sé roimh iarratais ó iarratasóirí atá cáilithe go cuí, beag beann ar mhíchumas. Eisíodh an plean gníomhaíochta míchumais uainn sa bhliain 2011, agus nuashonraíodh sa bhliain 2016 é, chun dearcthaí dearfacha i leith daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn agus chun rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas sa saol poiblí a spreagadh. Tá an plean le nuashonrú arís sa bhliain 2021.

**Comhionannas**

Eisíodh an Scéim Comhionannais cheadaithe ón mBord i mí Mheán Fómhair 2011 agus bíonn ***safe*food** ag gabháil do phróiseas athbhreithnithe leanúnach ina leith.

**Faisnéis a Sholáthar d'Fhostaithe agus Dul i gComhairle Leo**

Bhí Fóram Comhpháirtíochta Fostaithe i bhfeidhm le linn na bliana 2020 mar shásra le haghaidh dul i gcomhairle le fostaithe.

**Beartas maidir le hÍoc Pras agus feidhmíocht an bheartais sin**

Tá an Bord tiomanta d'íocaíochtaí prasa a dhéanamh i leith earraí agus seirbhísí a fhaightear, de réir Acht na hÉireann um Íoc Pras Cuntas, 1997, arna leasú le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála), 2013, agus Acht na Ríochta Aontaithe um Íoc Déanach Fiachas Tráchtála (Ús), 1998, arna leasú leis na Rialacháin maidir le hÍoc Déanach Fiachas Tráchtála, 2002. Ach amháin i gcás go sonrófar a mhalairt sa chonradh, beidh íocaíocht dlite laistigh de 30 lá ó na hearraí nó na seirbhísí a fháil nó ó shonrasc bailí nó éileamh den chineál céanna a leagan faoinár mbráid, cibé acu is déanaí. Glanadh 99% (2019: 99%) de na sonraisc uile laistigh de 30 lá sa bhliain 2020.

**Beartas Sláinte agus Sábháilteachta**

Coinníonn an Bord beartas Sláinte agus Sábháilteachta ar bun, rud a scaiptear ar gach fostaí. Léirítear leis an mbeartas sin na ceanglais dhlíthiúla atá ann ardchaighdeán a chothabháil ar fud na heagraíochta.

## 8. Forbairt Amach Anseo

Forbraíodh an Straitéis Chorparáideach ón mBord do na blianta 2020 go 2022 agus tá sí fós le ceadú faoi láthair. Toisc nach raibh an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas i mbun feidhme le linn na bliana 2020, níor cheadaigh sí an Plean Gnó ón mBord um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia don bhliain 2020. Mar sin féin, chuir na ranna cistiúcháin socruithe malartacha i bhfeidhm chun go bhféadfadh ***safe*food** leanúint air ag oibriú.

Leagtar amach sa Straitéis Chorparáideach misean, fís agus croíluachanna an Bhoird agus an dóigh a gcuirfidh an Bord gach ceann de na feidhmeanna atá aige chun feidhme thar an tréimhse trí bliana. Déantar athmheasúnú ar an straitéis gach bliain i gcomhthéacs an phlean gnó bhliantúil.

Is é €7,480,000 (£6,507,600) an caiteachas buiséadaithe don bhliain 2021.

Bagairt ar oibriú ***safe*food** is ea an cinneadh a rinne an Ríocht Aontaithe an tAontas Eorpach a fhágáil. Níl sé soiléir go fóill cá mhéad a rachaidh an cinneadh sin i bhfeidhm orainn.

# Ráiteas faoi Fhreagrachtaí an Bhoird um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia agus an Duine Chuntasaigh

D'ordaigh an Roinn Sláinte (Éire) agus an Roinn Sláinte (Tuaisceart Éireann) don Bhord um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia ráiteas cuntas a ullmhú do gach bliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig san fhoirm agus ar an mbonn atá leagtha amach san ordachán cuntas atá san aguisín a ghabhann leis na Cuntais seo. Ullmhaítear na cuntais ar bhonn fabhruithe agus ní mór léargas fírinneach cóir a thabhairt iontu ar staid gnóthaí an Chomhlachta ag deireadh na bliana agus ar a ioncam agus a chaiteachas, ar athruithe i gcothromas agus ar a shreabhadh airgid don bhliain féilire.

Agus na cuntais á n-ullmhú aige, ceanglaítear ar an gComhlacht:

- Cloí leis an ordachán cuntas arna eisiúint ag an Roinn Sláinte (Éire) agus ag an Roinn Sláinte (Tuaisceart Éireann), lena n-áirítear na ceanglais ábhartha chuntasaíochta agus nochta, agus beartais chuntasaíochta a chur i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach;
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh ar bhonn réasúnach;
- A lua cé acu a leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme agus aon imeachtaí ábhartha a nochtadh agus a mhíniú sna cuntais;
- Na cuntais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, ach amháin i gcás go bhfuil sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an Comhlacht air ag oibriú.

## Freagrachtaí an Phríomhfheidhmeannaigh

Tá freagrachtaí an Phríomhfheidhmeannaigh mar Dhuine Cuntasach don Bhord um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia leagtha amach i Meabhrán Airgeadais an Chomhlachta, lena n-áirítear an fhreagracht as cuibheas agus rialtacht an airgeadais phoiblí agus an fhreagracht as taifid a choinneáil.

**Raymond Dolan**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Dáta: 14/10/2021

# Ráiteas faoi Rialú Inmheánach/Ráiteas Rialachais

## 1. Raon Freagrachta

Mar Dhuine Cuntasach, tá freagracht orm as córas fónta rialaithe inmheánaigh a chothabháil lena dtacaítear le beartais, aidhmeanna agus cuspóirí an Bhoird um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia a bhaint amach. Tá freagracht orm ag an am céanna as na cistí poiblí agus na sócmhainní Roinne a bhfuil freagracht phearsanta orm astu a chosaint, de réir na bhfreagrachtaí a leagadh orm sa doiciméad 'Airgead Poiblí a Bhainistiú, Tuaisceart Éireann' agus sna Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí.

Tá an struchtúr beacht cuntasachta agus tuairiscithe sainithe i Meabhrán Airgeadais an Bhoird, rud ina leagtar amach an ról athbhreithnithe agus faireacháin atá ag na comh-Ranna urraíochta (an Roinn Sláinte (Tuaisceart Éireann) agus an Roinn Sláinte (Éire)). Ina theannta sin, mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin, táim cuntasach do na coistí cuntas poiblí faoi seach sa dá dhlínse.

## 2. Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a bhainistiú de réir leibhéal réasúnach, seachas deireadh a chur leis an riosca ar fad go mainneofaí beartais, aidhmeanna agus cuspóirí a bhaint amach. Dá bhrí sin, ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnach, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt go mbeidh sé éifeachtach. Tá an córas rialaithe inmheánaigh bunaithe ar phróiseas leanúnach atá deartha chun sainaithint a dhéanamh ar na rioscaí atá roimh bheartais, aidhmeanna agus cuspóirí an Bhoird a bhaint amach agus chun na rioscaí sin a chur in ord tosaíochta, chun meastóireacht a dhéanamh ar an dóchúlacht go dtiocfadh na rioscaí sainaitheanta chun cinn agus ar an tionchar a bheadh acu dá dtiocfadh siad chun cinn agus chun na rioscaí sainaitheanta a bhainistiú ar bhealach éifeachtúil, éifeachtach agus barainneach. Bhí an córas rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm sa Bhord um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 agus suas go dtí an dáta a ceadaíodh an Tuarascáil Bhliantúil agus na Cuntais Bhliantúla, agus tá an córas ag teacht leis an treoir ó na Ranna Airgeadais.

## 3. Cumas chun Riosca a Láimhseáil

Tá an Fhoireann Ardbhainistíochta freagrach as an bpróiseas bainistíochta riosca a chur i bhfeidhm agus a fhormhaoirsiú faoi mo threoir chun a chinntiú go mbíonn an próiseas ag obair mar atá beartaithe. I dteannta an creat riosca foriomlán a athbhreithniú, athbhreithnítear na moltaí uile a fhaightear ó na hiniúchóirí inmheánacha agus ó na hiniúchóirí seachtracha araon. Déantar rialuithe a bhreisiú nó a thabhairt isteach ansin, de réir mar is gá.

Táthar ag súil leis go n-oibreoidh gach ball foirne de réir beartais bhunaithe maidir le riosca agus maidir le rialú inmheánach, agus cuirtear oiliúint chuí orthu chun déanamh amhlaidh.

## 4. An Creat Riosca agus Rialaithe

D'fhorbair an Bord clár rioscaí agus maitrís measúnú riosca. Sainaithnítear rioscaí ar an leibhéal dílis agus ar an leibhéal rialaithe araon nuair a bhíonn pleananna agus straitéisí gnó á bhforbairt. D'fhorbair an Bord creat um fhaisnéis rialta bhainistíochta, um athbhreithniú ar dhifríochtaí agus um nósanna imeachta riaracháin agus rialaithe (lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta).

Áirítear na nithe seo leis an gcreat sin freisin:

- Córais chuimsitheacha bhuiséadaithe, áit a gceadaíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an buiséad bliantúil;
- Nósanna imeachta chun na Buiséid a athbhreithniú agus a chomhaontú leis an bhFoireann Ardbhainistíochta;
- Tuarascálacha rialta airgeadais a ullmhú mar bhonn le haghaidh athbhreithniú agus faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn.

Sa bhliain 2020, fuair an t-athbhreithniú ar an gcreat riosca agus rialaithe cúnamh ó na tuairimí a fuarthas ó na hIniúchóirí Inmheánacha agus ó na hIniúchóirí Seachtracha araon agus ón gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca.

## 5. Athbhreithniú ar Éifeachtacht


Mar dhuine cuntasach, tá freagracht orm as athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh. Tá an t-athbhreithniú a dhéanaim ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus na mbainisteoirí feidhmiúcháin atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil agus ar na tuairimí a chuireann na hiniúchóirí seachtracha in iúl sa litir bhainistíochta uathu agus i dtuarascálacha eile uathu. Tá plean i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar laigí agus chun feabhsú leanúnach an chórais a chinntiú.

Thacaigh na gníomhaíochtaí seo a leanas leis an athbhreithniú ar éifeachtacht:

- Rinne an Fhoireann Ardbhainistíochta athbhreithniú míosúil ar an mBuiséad Bliantúil, ar cheadaigh na Ranna Urraíochta é, agus í ag féachaint go príomha ar aon difríochtaí idir an ghníomhaíocht iarbhír agus an ghníomhaíocht bheartaithe;
- Coinníodh an creat bainistíochta riosca faoi athbhreithniú leanúnach agus leagadh an clár rioscaí faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca.

Thug na hIniúchóirí Inmheánacha faoi athbhreithniú ar éifeachtacht na Rialuithe Inmheánacha Airgeadais a bhí i bhfeidhm le linn na bliana airgeadais 2020 i mí na Samhna 2020 agus rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú ar an obair sin. Ar bhonn na tuarascála uathu, is deimhin liom go bhfuil córais agus rialuithe láidre i bhfeidhm chun na príomhrioscaí sainaitheanta a mhaolú. Sa tuarascáil iniúchóireachta, cinneadh go bhfuil dearadh agus oibriú na bpríomhrialuithe inmheánacha sásúil agus fuarthas amach go mbíonn na córais bhunaithe agus na rialuithe inmheánacha airgeadais á gcomhlíonadh, tríd is tríd. Thángthas ar an gconclúid sa tuarascáil gur féidir dearbhú suntasach a chur ar leorgacht agus oibriú an chreata rialaithe inmheánaigh atá i bhfeidhm ag ***safe*food**. Níor thángthas ar aon fhionnachtana ardriosca a d'fhéadfadh caillteanas airgeadais ábhartha a chruthú nó cur isteach ar oibríochtaí agus, seachas cúig shaincheist ar measadh go raibh íseal-laige ag baint leo, cinneadh go raibh na rialuithe a tástáladh ag oibriú go héifeachtach le linn na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2020.

I bhfianaise phaindéim Covid-19, d'iarr an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca go ndéanfaí athbhreithniú ar an bPlean Leanúnachais Gnó atá i bhfeidhm ag ***safe*food**. Bhí sé mar chuspóir leis an athbhreithniú tuairim a chur in iúl don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca maidir leis an leibhéal dearbhaithe a d'fhéadfadh sé a chur ar dhearadh agus oibriú na gcóras, na bpróiseas agus na rialuithe le haghaidh maolú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann le pleanáil leanúnachais gnó. Thángthas ar an gconclúid san iniúchadh gurb amhlaidh, mar gheall ar an bpróiseas agus ar na rialuithe atá i bhfeidhm i leith Leanúnachas Gnó, go dtugtar dearbhú réasúnach go mbíonn rioscaí á mbainistiú agus á maolú go leordhóthanach. Rinneadh moltaí chun aghaidh a thabhairt ar roinnt fionnachtana ísealriosca, agus tá na moltaí sin á gcur chun feidhme anois. Tá paindéim reatha Covid-19 mar fhianaise go sealbhaíonn ***safe*food** foireann bhainistíochta atá inniúil, solúbtha agus inoiriúnaithe agus a bhfuil cumas cruthaithe aici oiriúnú d'imthosca athraitheacha. Sealbhaíonn sé freisin córas láidir le haghaidh sonraí a chúltacú, mar aon le struchtúr soiléir orduithe. A bhuí leis an méid sin ar fad, ní raibh aon chur isteach ann ar sheirbhís nuair a bhuail paindéim Covid-19 go luath sa bhliain 2020.



**Raymond Dolan**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Dáta: 14/10/2021

# An Bord um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia

An Deimhniú ó na hArd-Reachtairí Cuntas agus Ciste do Thionól Thuaisceart Éireann agus do Thithe an Oireachtais.

## Tuairim ar na cuntais

Deimhnímid go ndearnamar iniúchadh ar chuntais an Bhoird um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia (an Comhlacht) don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 de bhun fhorálacha an Ordaithe um Chomhoibriú Thuaidh/Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann), 1999, agus an Achta um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann, 1999, lena gceanglaítear orainn na cuntais a leag an Comhlacht faoinár mbráid a iniúchadh agus a dheimhniú i gcomhar lena chéile. Cuimsíonn na cuntais na nithe seo a leanas:

- an ráiteas faoi ioncam agus caiteachas;
- an ráiteas faoi ioncam cuimsitheach;
- an ráiteas faoin staid airgeadais;
- an ráiteas faoi shreabhadh airgid;
- an ráiteas faoi athruithe i gcothromas; agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear beartais shuntasacha chuntasaíochta.

Ullmhaíodh na cuntais seo de réir na mbeartas cuntasaíochta atá leagtha amach iontu.

Táimid den tuairim:

- go dtugtar sna cuntais léargas fírinneach cóir ar staid ghnóthaí an Chomhlachta amhail an 31 Nollaig 2020 agus ar a ioncam agus a chaiteachas don bhliain dar críoch an dáta sin; agus
- gur ullmhaíodh na cuntais go cuí de réir an Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann (FRS 102) agus de réir an ordacháin cuntas atá san aguisín a ghabhann leis na cuntais.

## Tuairim ar rialtacht

Táimid den tuairim gur úsáideadh an caiteachas agus an t-ioncam atá taifeadta sna cuntais i ngach ponc ábhartha chun na gcríoch a bhí beartaithe ag Tionól Thuaisceart Éireann agus ag Tithe an Oireachtais agus go bhfuil na hidirbhearta airgeadais atá tuairiscithe sna cuntais ag teacht leis na húdaráis a rialaíonn iad.

## Bunús na dtuairimí

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta. Maidir leis na freagrachtaí atá orainn faoi na caighdeáin sin, tá cur síos níos mine déanta orthu sa rannán 'freagrachtaí na n-iniúchóirí' den deimhniú seo.

Táimid neamhspleách ar an gComhlacht, de réir cheanglais eitice an Chaighdeáin Eitice Athbhreithnithe a d'eisigh an Chomhairle Tuairiscithe Airgeadais sa bhliain 2016 agus de réir cheanglais eitice an Chóid Eitice ó Eagraíocht Idirnáisiúnta na nUasfhoras Iniúchóireachta, agus chomhlíonamar ár gcuid freagrachtaí eitice de réir na gceanglas sin.

Creidimid gur leor agus cuí an fhianaise iniúchta a fuaireamar chun bonn a thabhairt dár dtuairimí.

## Faisnéis seachas na cuntais

Chuir an Comhlacht faisnéis áirithe eile i láthair i dteannta na gcuntas. Cuimsíonn an fhaisnéis sin an tuarascáil bhliantúil, an brollach leis na cuntais, an ráiteas faoin gcóras rialaithe inmheánaigh/an ráiteas rialachais agus an tuarascáil maidir le luach saothair. Ní chumhdaíonn ár dtuairim ar na cuntais an fhaisnéis eile agus ní chuirimid aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

Maidir lenár n-iniúchadh ar na cuntais, is é an fhreagracht atá orainn an fhaisnéis eile a léamh agus, le linn dúinn é sin a dhéanamh, a mheas cé acu atá nó nach bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na cuntais nó leis an eolas a ghnóthaíomar le linn an iniúchta nó cé acu is cosúil nó nach cosúil go ndearnadh míráiteas ábhartha uirthi. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinneamar, go gcinnimid go ndearnadh míráiteas ábhartha ar an bhfaisnéis eile sin, ceanglaítear orainn an fíoras sin a thuairisciú.

Níl aon rud le tuairisciú againn ina leith sin.

Ábhair ar a dtuairiscímid trí eisceacht

Níl aon rud le tuairisciú againn i leith na n-ábhar seo a leanas ar a dtuairiscímid i gcás go bhfuilimid den tuairim:

- nach bhfuaireamar an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uainn dár n-iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun sinn a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar na cuntais, nó
- nach bhfuil na cuntais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta, nó
- nach léirítear sa ráiteas faoin gcóras rialaithe inmheánaigh/sa ráiteas rialachais gur comhlíonadh an treoir is infheidhme maidir le rialachas corparáideach.

Freagrachtaí an Chomhlachta agus an Oifigigh Chuntasaíochta as na cuntais Mar atá mínithe ar bhealach níos mine sa ráiteas faoi fhreagrachtaí, tá an Comhlacht freagrach as na cuntais a ullmhú ar bhonn an ordacháin cuntas atá ar áireamh san aguisín a ghabhann leis na cuntais agus as a bheith deimhin go dtugtar léargas fírinneach cóir iontu. Tá an Príomhfheidhmeannach, mar Oifigeach Cuntasaíochta, freagrach as cuibheas agus rialtacht a chinntiú i ndáil le cistí poiblí a úsáid.

## Freagrachtaí na n-iniúchóirí

Is é an fhreagracht atá orainn na cuntais a iniúchadh de réir fhorálacha an Ordaithe um Chomhoibriú Thuaidh/Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann), 1999, agus an Achta um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann, 1999, agus tuairisc a thabhairt do Thionól Thuaisceart Éireann agus do Thithe an Oireachtais orthu.

Tá sé mar chuspóir againn agus an t-iniúchadh á dhéanamh againn dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach bhfuil na cuntais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide. Cé gur ardleibhéal dearbhaithe é dearbhú réasúnach, ní ráthaíonn sé go mbraithfear míráiteas ábhartha, i ngach cás inarb ann dó, nuair a dhéantar iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta. Is féidir le míráitis teacht chun cinn as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha i gcás gurb amhlaidh, ina n-aonar nó i dteannta míráiteas eile, go bhféadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar na cinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn na gcuntas lena mbaineann.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta, úsáidimid breithiúnas gairmiúil agus coinnímid sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,


- Déanaimid sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna cuntais, cibé acu de bharr calaoise nó earráide; ceapaimid nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirimid i bhfeidhm iad; agus faighimid fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bonn a thabhairt dár dtuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaímid tuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá cuí sna cúinsí, seachas chun tuairim a chur in iúl ar a éifeachtaí atá na rialuithe inmheánacha.
- Déanaimid meastóireacht ar a chuí atá na beartais chuntasaíochta a úsáideadh agus ar a réasúnaí atá na meastacháin chuntasaíochta agus an nochtadh gaolmhar.
- Déanaimid cinneadh ar a chuí atá sé bonn gnóthais leantaigh na cuntasaíochta a úsáid agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas, déanaimid cinneadh ar cé acu is ann nó nach ann d'éiginnteacht ábhartha a bhaineann le heachtraí nó dálaí a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar an gcumas atá ag an gComhlacht leanúint de bheith ag feidhmiú mar ghnóthas leantach. Má chinnimid gurb ann d'éiginnteacht ábhartha, ceanglaítear orainn aird a tharraingt inár dtuarascáil ar an nochtadh gaolmhar sna cuntais nó, i gcás nach leor an nochtadh sin, ceanglaítear orainn ár dtuairim a athrú. Tá ár gcinntí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas suas go dáta ár dtuarascála. Mar sin féin, d'fhéadfadh eachtraí nó dálaí amach anseo a chur faoi deara go scoirfeadh an Comhlacht de bheith ag feidhmiú mar ghnóthas leantach.
- Déanaimid meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na gcuntas, lena n-áirítear an nochtadh, agus ar cé acu a chuirtear nó nach gcuirtear na hidirbhearta agus na heachtraí bunúsacha i láthair ar bhealach cóir sna cuntais.

Téimid i dteagmháil leo sin a bhfuil freagrachtaí rialachais orthu as raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus as fionnachtana suntasacha iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha ar an rialú inmheánach a shainaithnímid le linn ár n-iniúchta, i measc ábhair eile.

Ina theannta sin, ceanglaítear orainn fianaise a fháil is leor chun dearbhú réasúnach a thabhairt gur úsáideadh an caiteachas agus an t-ioncam atá taifeadta sna cuntais airgeadais chun na gcríoch a bhí beartaithe ag Tionól Thuaisceart Éireann agus ag Tithe an Oireachtais agus go bhfuil na hidirbhearta airgeadais atá taifeadta sna cuntais ag teacht leis na húdaráis a rialaíonn iad.



**Seamus McCarthy**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste, Éire
3A Sráid an Mhéara Uachtarach
Baile Átha Cliath 1, Éire, DO1 PF72
20 Deireadh Fómhair 2021



**Kieran J Donnelly**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste do Thuaisceart Éireann
Oifig Iniúchóireachta Thuaisceart Éireann
106 Sráid na hOllscoile
Béal Feirste, BT7 1EU
20 Deireadh Fómhair 2021

# Ráiteas faoi ioncam agus caiteachas

## don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

| | Nótaí | 2020 € | 2019 € | 2020 £ | 2019 £ |
|---|---|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | | | |
| Deontas Ioncaim ó na Ranna | 2(a) | 7,535,759 | 7,746,826 | 6,704,565 | 6,799,931 |
| Deontas Caipitil a Eisíodh | 9 | 124,749 | 129,723 | 110,989 | 113,867 |
| | | 7,660,508 | 7,876,549 | 6,815,554 | 6,913,798 |
| Ioncam Eile | 2(b) | 1,031,000 | 757,000 | 917,281 | 665,000 |
| **Ioncam Iomlán** | | 8,691,508 | 8,633,549 | 7,732,835 | 7,578,798 |
| **Caiteachas** | | | | | |
| Costais Foirne | 3(b) | 3,177,770 | 2,910,063 | 2,827,262 | 2,554,894 |
| Táillí Boird | | 58,788 | 66,277 | 52,304 | 58,176 |
| Dímheas | 6 | 124,749 | 129,723 | 110,989 | 113,867 |
| Caiteachas faoin gClár Taighde | 5 | 1,164,061 | 971,209 | 1,035,665 | 852,498 |
| Gníomhaíochtaí Cur Chun Cinn | 12 | 2,330,250 | 3,057,536 | 2,073,223 | 2,683,813 |
| Costais Oibriúcháin Eile | 4 | 1,210,564 | 1,308,373 | 1,077,039 | 1,148,451 |
| **Caiteachas Iomlán** | | 8,066,182 | 8,443,181 | 7,176,482 | 7,411,699 |
| **Barrachas/(Easnamh) don bhliain** | | 625,326 | 190,368 | 556,353 | 167,099 |
| **Suim a aistríodh chuig an gCúlchiste Ginearálta** | 13 | 625,326 | 190,368 | 556,353 | 167,099 |

Is le gníomhaíochtaí leantacha a bhaineann na suimeanna uile thuas.

Is cuid de na cuntais seo iad na nótaí ar leathanaigh 53 go 69, i dteannta Aguisín 1 ar leathanach 70.

Raymond Dolan

**Raymond Dolan**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Dáta: 14/10/2021

# Ráiteas faoi ioncam cuimsitheach

## don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

| | Nótaí | 2020 € | 2019 € | 2020 £ | 2019 £ |
|---|---|---|---|---|---|
| Barrachas/(Easnamh) don tréimhse | | 625,326 | 190,368 | 556,353 | 167,099 |
| Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach ar dhliteanais phinsin | 17(b) | (2,582,000) | (2,316,000) | (2,297,205) | (2,033,000) |
| Coigeartú ar chistiú iarchurtha pinsin | | 2,582,000 | 2,316,000 | 2,297,205 | 2,033,000 |
| **Gnóthachan/(caillteanas) aitheanta iomlán don tréimhse** | | 625,326 | 190,368 | 556,353 | 167,099 |

Is cuid de na cuntais seo iad na nótaí ar leathanaigh 53 go 69, i dteannta Aguisín 1 ar leathanach 70.

**Raymond Dolan**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Dáta: 14/10/2021

# Ráiteas faoin staid airgeadais

## don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

| | Nótaí | 2020 € | 2019 € | 2020 £ | 2019 £ |
|---|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | | | | |
| Sócmhainní Inláimhsithe | 6 | 562,393 | 616,651 | 505,608 | 524,647 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | | | |
| Suimeanna Infhaighte | 7 | 233,066 | 255,813 | 209,533 | 217,646 |
| Airgead agus coibhéisí airgid | | 1,457,761 | 800,036 | 1,310,571 | 680,671 |
| **Dliteanais Reatha** | | | | | |
| Suimeanna iníoctha - suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin | 8 | (521,076) | (511,424) | (468,463) | (435,120) |
| **Glansócmhainní Reatha** | | 1,169,751 | 544,425 | 1,051,641 | 463,197 |
| **Sócmhainní Iomlána lúide Dliteanais Reatha roimh Phinsin** | | 1,732,144 | 1,161,076 | 1,557,249 | 987,844 |
| Cistiú Iarchurtha Pinsin | 17(d) | 19,838,000 | 16,225,000 | 17,834,957 | 13,804,000 |
| Dliteanais Phinsin | 17(b) | (19,838,000) | (16,225,000) | (17,834,957) | (13,804,000) |
| **Glansócmhainní** | | 1,732,144 | 1,161,076 | 1,557,249 | 987,844 |
| **Arna Maoiniú ag:** | | | | | |
| **Caipiteal agus Cúlchistí** | | | | | |
| Cúlchiste Ginearálta | 13 | 1,169,751 | 544,425 | 1,051,641 | 463,197 |
| Cúlchiste Deontais Chaipitil | 9 | 562,393 | 616,651 | 505,608 | 524,647 |
| | | 1,732,144 | 1,161,076 | 1,557,249 | 987,844 |

Is cuid de na cuntais seo iad na nótaí ar leathanaigh 53 go 69, i dteannta Aguisín 1 ar leathanach 70.


**Raymond Dolan**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Dáta: 14/10/2021

# Ráiteas faoi shreabhadh airgid

## don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

| | Nótaí | 2020 € | 2019 € | 2020 £ | 2019 £ |
|---|---|---|---|---|---|
| **Glan-insreabhadh airgid/(glan-eis-sreabhadh airgid) ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | 10 | 657,725 | 201,133 | 629,900 | 144,934 |
| **Caiteachas caipitil agus infheistíocht airgeadais**<br>Íocaíochtaí chun sócmhainní seasta inláimhsithe a cheannach | 6 | (70,491) | (27,520) | (62,716) | (24,156) |
| **Glan-insreabhadh airgid/(glan-eis-sreabhadh airgid) roimh mhaoiniú** | | 587,234 | 173,613 | 567,184 | 120,778 |
| **Maoiniú**<br>Cistiú Caipitil a Fuarthas | | 70,491 | 27,520 | 62,716 | 24,156 |
| **Méadú/(laghdú) in iarmhéideanna airgid/bainc** | 11 | 657,725 | 201,133 | 629,900 | 144,934 |
| **Airgead agus coibhéisí airgid i dtús na bliana** | | 800,036 | 598,903 | 680,671 | 535,737 |
| Airgead agus coibhéisí airgid ag deireadh na bliana | | 1,457,761 | 800,036 | 1,310,571 | 680,671 |

Is cuid de na cuntais seo iad na nótaí ar leathanaigh 53 go 69, i dteannta Aguisín 1 ar leathanach 70.



**Raymond Dolan**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Dáta: 14/10/2021

# Ráiteas faoi athruithe i gcothromas

## don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

| | Nótaí | 2020<br>€ | 2019<br>€ | 2020<br>£ | 2019<br>£ |
|---|---|---|---|---|---|
| **Cúlchiste Ginearálta** | | | | | |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | 13 | 544,425 | 354,057 | 463,197 | 316,715 |
| Barrachas/(Easnamh) | 13 | 625,326 | 190,368 | 556,353 | 167,099 |
| Gnóthachan/(Caillteanas) Achtúireach | 17(b) | (2,582,000) | (2,316,000) | (2,297,205) | (2,033,000) |
| Cistiú Iarchurtha Pinsin | | 2,582,000 | 2,316,000 | 2,297,205 | 2,033,000 |
| Coigeartú Aistriú Airgeadra | 13 | | | 32,091 | (20,617) |
| Iarmhéid ag an 31 Nollaig | | 1,169,751 | 544,425 | 1,051,641 | 463,197 |
| **Cúlchiste Caipitil** | | | | | |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | 9 | 616,651 | 718,854 | 524,647 | 643,036 |
| Deontais Chaipitil | 9 | 70,491 | 27,520 | 62,716 | 24,156 |
| Amúchadh | 9 | (124,749) | (129,723) | (110,989) | (113,867) |
| Coigeartú Aistriú Airgeadra | 9 | | | 29,234 | (28,678) |
| Iarmhéid ag an 31 Nollaig | | 562,393 | 616,651 | 505,608 | 524,647 |
| **Cothromas Iomlán ag Deireadh na Bliana** | | 1,732,144 | 1,161,076 | 1,557,249 | 987,844 |

Is cuid de na cuntais seo iad na nótaí ar leathanaigh 53 go 69, i dteannta Aguisín 1 ar leathanach 70.

**Raymond Dolan**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Dáta: 14/10/2021

# Nótaí leis na Cuntais

## 1. Beartais Chuntasaíochta

### 1.1 Coinbhinsiún Cuntasaíochta

Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais de réir choinbhinsiún an chostais stairiúil.

Gan an fhaisnéis a thugtar a theorannú, ullmhaítear na Ráitis Airgeadais ar bhonn fabhruithe agus comhlíonann siad na ceanglais chuntasaíochta agus nochta arna n-eisiúint ag an Roinn Airgeadais agus ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

### 1.2 Ioncam

Is ionann ioncam agus na deontais ioncaim atá infhaighte ón Roinn Sláinte (Éire) agus ón Roinn Sláinte (Tuaisceart Éireann).

### 1.3 Sócmhainní Seasta

a) Cuirtear sócmhainní seasta inláimhsithe ar áireamh de réir costas stairiúil don Bhord um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia.

b) Ríomhtar dímheas chun an costas a dhíscríobh thar shaolré úsáideach na sócmhainní.

Is iad seo a leanas na modhanna a ghlactar agus na rátaí in aghaidh na bliana a úsáidtear:

| | |
|---|---|
| **Trealamh Oifige** | 15% de réir Méid Cothrom |
| **Trealamh Ríomhaire** | 33.3% de réir Méid Cothrom |
| **Costais Réadmhaoine agus Feistithe** | 4% de réir Méid Cothrom |
| **Daingneáin agus Feistis** | 10% de réir Méid Cothrom |

c) Gearrtar dímheas i mbliain na fála agus ní ghearrtar aon dímheas i mbliain na diúscartha.

d) Caipitlítear Sócmhainní Seasta a luaithe a sháraíonn siad €650 (£578).

### 1.4 Cáin Bhreisluacha

Ní fhéadfaidh an Bord um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia cáin bhreisluacha (CBL) a aiséileamh agus cuirtear CBL ar áireamh mar chaiteachas nó i luach caipitil Sócmhainní Seasta.

### 1.5 Sochair Scoir

Ghlac an Bord um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia FRS 102 i ndáil le cuntas a thabhairt i sochair scoir.

Bhunaigh na Comhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh/Theas agus Turasóireacht Éireann Teoranta an Scéim Pinsean Thuaidh/Theas le héifeacht ón 29 Aibreán 2005. Is scéim pinsean sochair shainithe í an scéim, a chistítear gach bliain ar bhonn íoc-mar-a-théitear ó airgead a fhaightear ó Státchiste na Ríochta Aontaithe agus ó Státchiste na hÉireann. Riarann riarthóir seachtrach an scéim.

Cumhdaítear sochair scoir i gCaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102. Cuireadh an dliteanas ag an 31 Nollaig 2020 ar áireamh sna ráitis airgeadais. Cuireadh nóta nochta ina mionsonraítear ríomhaireachtaí an athbhreithnithe achtúirigh ar áireamh iontu freisin (Nóta 17), ar ríomhaireachtaí iad a rinne Deloitte Total Reward and Benefits Limited ach modh na n-aonad réamh-mheasta a úsáid. Áirítear leis sin na torthaí atá ar dhliteanais phinsin agus costais fostaithe (agus iarfhostaithe) an Bhoird um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia a ríomh chun críocha na gcuntas don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 agus chun críocha na bhfigiúirí comparáideacha don bhliain 2019.

Is ionann costais Sochair Scoir agus na sochair scoir a thuill fostaithe le linn na tréimhse. Is mar ioncam a aithnítear suim a chomhfhreagraíonn don mhuirear sochair scoir, a mhéid atá an muirear in-aisghabhála. Frithháirítear an tsuim sin le deontais a fuarthas sa bhliain chun íocaíochtaí sochair scoir a dhéanamh. Is ionann dliteanais Sochair Scoir agus luach reatha na n-íocaíochtaí sochair scoir amach anseo atá tuillte ag baill foirne go dtí seo. Is sócmhainn chomhfhreagrach é cistiú iarchurtha sochair scoir, arb ionann é agus na hacmhainní atá le cur ar fáil sa todhchaí ag Státchiste na Ríochta Aontaithe agus ag Státchiste na hÉireann ar an mbealach atá tuairiscithe thuas.

Is sa Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach a aithnítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha a eascraíonn as athruithe i dtoimhdí achtúireacha agus as barrachais agus easnaimh ó thaithí. Ón mbliain 2012 i leith, tá ranníocaíochtaí na gcomhaltaí á n-aithint sa chostas seirbhíse reatha sochair scoir. I mblianta roimhe sin, aithníodh ranníocaíochtaí na gcomhaltaí ar leithligh laistigh den nóta maidir le sochair scoir.

### 1.6 Caiteachas faoin gClár Taighde

Tá na costais Conarthaí Taighde a chuirtear ar áireamh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais bunaithe ar an gcaiteachas atá dlite agus iníoctha sa bhliain de bhun conarthaí ceadaithe taighde.

### 1.7 Cúlchiste Deontais Chaipitil

Léirítear i gCuntas an Chúlchiste Deontais Chaipitil luach neamhamúchta an ioncaim a úsáidtear chun críocha caipitil.

### 1.8 Airgeadra Tuairiscithe

Is in Euro agus i Steirling araon a thuairiscítear idirbhearta agus iarmhéideanna an Bhoird. Is é

Euro airgeadra oibre an Bhoird agus is san airgeadra sin a thaifeadtar idirbhearta. Maidir le hidirbhearta a rinneadh in airgeadraí eile, taifeadtar iad in Euro de réir an ráta malairte a bhí i bhfeidhm ag dáta na n-idirbheart, agus Rátaí Tagartha an Bhainc Cheannais Eorpaigh á n-úsáid. Maidir le sócmhainní agus dliteanais airgid a bhí ainmnithe i Steirling, aistrítear iad go Euro de réir na rátaí malairte a bhí i bhfeidhm ag dáta an Chláir Chomhardaithe (0.89903). Tógtar gnóthachain agus caillteanais réadaithe chuig an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais.

Aistrítear na ráitis airgeadais go Steirling ag deireadh na bliana. Aistrítear an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais ach úsáid a bhaint as an meánráta malairte don bhliain (2020: 0.88970, 2019: 0.87777) agus aistrítear an Clár Comhardaithe ach úsáid a bhaint as an ráta malairte deiridh (2020: 0.89903, 2019: 0.85080). Maidir le coigeartuithe airgeadra a eascraíonn as na ráitis airgeadais a aistriú ar an mbealach sin, léirítear iad sa Ghlansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin (Nóta 10), sa Chúlchiste Deontais Chaipitil (Nóta 9) agus sa Chúlchiste Ginearálta (Nóta 13).

## 1.9 Ráiteas faoi Chomhlíonadh

Ullmhaíodh ráitis airgeadais ***safe*food** don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 de réir FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais agus arna fhógairt ag Cuntasóirí Cairte Éireann agus, ach amháin i gcás go sonrófar a mhalairt, comhlíonann na ráitis airgeadais ceanglais na Treorach maidir le Tuarascálacha Bliantúla agus Cuntais Bhliantúla na gComhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh/Theas arna heisiúint ag an Roinn Airgeadais (Tuaisceart Éireann) agus ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (Éire).

# Nótaí leis na Cuntais (ar lean)

## 2. a) Deontais ó na Ranna

### An Tréimhse Airgeadais ón 1 Eanáir 2020 go dtí an 31 Nollaig 2020

| | Nóta | RS (É) € | RS (TÉ) € | IOMLÁN € | RS (É) £ | RS (TÉ) £ | IOMLÁN £ |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Deontas | | 5,291,725 | 2,244,034 | 7,535,759 | 4,708,048 | 1,996,517 | 6,704,565 |
| Cuntas Caipitil | 9 | 49,500 | 20,991 | 70,491 | 44,040 | 18,676 | 62,716 |
| | | 5,341,225 | 2,265,025 | 7,606,250 | 4,752,088 | 2,015,193 | 6,767,281 |

### An Tréimhse Airgeadais ón 1 Eanáir 2019 go dtí an 31 Nollaig 2019

| | Nóta | RS (É) € | RS (TÉ) € | IOMLÁN € | RS (É) £ | RS (TÉ) £ | IOMLÁN £ |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Deontas | | 5,362,840 | 2,383,986 | 7,746,826 | 4,707,340 | 2,092,591 | 6,799,931 |
| Cuntas Caipitil | 9 | 18,989 | 8,531 | 27,520 | 16,668 | 7,488 | 24,156 |
| | | 5,381,82 | 2,392,517 | 7,774,346 | 4,724,008 | 2,100,079 | 6,824,087 |

Faigheann an Bord um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia deontais ón Roinn Sláinte (Éire) (RS (É)) agus ón Roinn Sláinte (Tuaisceart Éireann) (RS (TÉ)) araon. Is iad na ranníocaíochtaí faoi seach ná 70% (2019: 69%) ón Roinn Sláinte (Éire) agus 30% (2019: 31%) ón Roinn Sláinte (Tuaisceart Éireann).

Bronntar na deontais de réir ráta malairte plean gnó chun críocha buiséadaithe agus de réir an ráta malairte iarbhír a bhí i bhfeidhm ag dáta an iarratais chun críocha na ráiteas airgeadais. Sa bhliain 2020, bhí an buiséad cothrom le €7,480,000 (2019: €7,480,000), gan pinsin a áireamh, agus le €7,607,184 (2019: €7,665,698), agus pinsin san áireamh. Tá na figiúirí sin bunaithe ar ráta malairte €1 go £0.90 (2019: €1 go £0.90). Ba é €1 go £0.88970 (2019: €1 go £0.87777) an meánráta malairte thar an tréimhse. Mar thoradh air sin, ba é €7,606,250 (2019: €7,774,346) an deontas a aithníodh, pinsin san áireamh. Tá sé sin cothrom le caillteanas malairte eachtraí €934 ar thiontú deontais (2019: gnóthachan €108,648).

## 2. b) Ioncam Eile

| | Nóta | 2020 € | 2019 € | 2020 £ | 2019 £ |
|---|---|---|---|---|---|
| Glanchistiú iarchurtha le haghaidh pinsean | 17(c) | 1,031,000 | 757,000 | 917,281 | 665,000 |
| | | 1,031,000 | 757,000 | 917,281 | 665,000 |

# Nótaí leis na Cuntais (ar lean)

## 3. Costais Foirne

### a) Ba é seo an meánlíon ball foirne (baill foirne gníomhaireachta san áireamh):

| Stiúrthóirea | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| An Lucht Ardbhainistíochta | 5 | 5 |
| Oibríochtaí Corparáideacha | 9 | 9 |
| Eolaíocht Bia | 5 | 5 |
| Sláinte an Duine agus Cothú | 5 | 4 |
| Margaíocht agus Cumarsáid | 7 | 8 |
| **Iomlán** | 31 | 31 |

### b) Ba iad seo na costais a tabhaíodh i leith na mball foirne sin:

| | 2020 € | 2019 € | 2020 £ | 2019 £ |
|---|---|---|---|---|
| Costais Tuarastail | 1,826,384 | 1,772,905 | 1,624,934 | 1,556,203 |
| ÁSPC ón bhFostóir | 185,492 | 167,713 | 165,032 | 147,213 |
| Baill Foirne Gníomhaireachta | 7,710 | 26,747 | 6,859 | 23,478 |
| **Costais Phinsin:** | 1,158,184 | 942,698 | 1,030,437 | 828,000 |
| Costais Reatha Seirbhíse Pinsin | 3,177,770 | 2,910,063 | 2,827,262 | 2,554,894 |

Le linn na bliana, asbhaineadh ranníocaíochtaí aoisliúntais breise arbh fhiú €42,396/£37,720 iad (2019: €45,332/£39,791) faoi Chuid 4 den Acht um Pá agus Pinsin Seirbhíse Poiblí, 2017, agus íocadh ar aghaidh leis an Roinn Sláinte iad.

# Nótaí leis na Cuntais (ar lean)

### c) Tá an fhaisnéis seo a leanas tugtha maidir leis an bhFoireann Ardbhainistíochta:-

| | Díolaíochtaí € | Díolaíochtaí £ | Fíormhéadú / (Fíorlaghdú) i bPinsean € | Fíormhéadú / (Fíorlaghdú) i bPinsean £ | Luach an Phinsin Fhabhraithe ag deireadh na bliana € | Luach an Phinsin Fhabhraithe ag deireadh na bliana £ | Aois (blianta) |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An tUas. Ray Dolan (PF) | 115,652 | 102,896 | 0 – 2,500 | 0 – 2,224 | 55,000-57,500 | 49,447 – 51,694 | 6 |

Leis an Treoir maidir le Tuarascálacha Bliantúla agus Cuntais Bhliantúla na gComhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh/Theas, ceanglaítear go nochtfaí faisnéis faoin luach saothair agus faoi na teidlíochtaí pinsin de chuid ball foirne sinsearach áirithe. I bhfianaise na reachtaíochta Cosanta Sonraí, ní dhearna an Bord na nochtaí sin toisc go bhféadfadh sé sin a bheith ina shárú ar an reachtaíocht. Níor thoiligh an Dr Gary Kearney (Stiúrthóir, Eolaíocht Bia), an Dr Catherine Conlon (Stiúrthóir, Sláinte an Duine agus Cothú), Patricia Fitzgerald Uas. (Stiúrthóir, Oibríochtaí Corparáideacha) ná an Dr Aileen McGloin (Stiúrthóir, Margaíocht agus Cumarsáid) leis an bhfaisnéis thuas a nochtadh. Tá na díolaíochtaí uile ar aon dul leis na díolaíochtaí caighdeánacha earnála poiblí do na gráid lena mbaineann. B'ionann an luach saothair iomlán a íocadh leis an bpríomhfhoireann bhainistíochta sa bhliain 2020 agus €513,049/£456,460 (2019: €446,727/£392,124).

# Nótaí leis na Cuntais (ar lean)

## 4. Costais Oibriúcháin Eile

| | 2020 € | 2019 € | 2020 £ | 2019 £ |
|---|---|---|---|---|
| Cíos agus Leictreachas* | 576,167 | 601,031 | 512,616 | 527,567 |
| Priontáil, Tuarascálacha agus Litríocht | 6,887 | 9,645 | 6,127 | 8,466 |
| Taisteal agus Cothú** | 38,939 | 191,259 | 34,644 | 167,881 |
| Tacaíocht Ríomhaire | 192,383 | 106,835 | 171,163 | 93,777 |
| Teileafón | 42,299 | 41,512 | 37,633 | 36,438 |
| Postas agus Páipéarachas | 16,584 | 18,368 | 14,755 | 16,123 |
| Costais Chruinnithe *** | 832 | 11,299 | 740 | 9,918 |
| Speansais Oifige *** | 25,896 | 56,399 | 23,040 | 49,505 |
| Difríocht Airgeadra | 16,895 | (29,588) | 15,032 | (25,971) |
| Speansais Earcaíochta | 11,394 | 16,543 | 10,137 | 14,521 |
| Oiliúint | 42,204 | 47,133 | 37,549 | 41,372 |
| Árachas | 18,709 | 17,631 | 16,645 | 15,476 |
| Síntiúis | 20,274 | 15,698 | 18,038 | 13,779 |
| Luach Saothair na nIniúchóirí | 19,100 | 19,100 | 16,993 | 16,765 |
| Táillí Dlí agus Gairmiúla | 55,833 | 44,957 | 49,675 | 39,462 |
| Glantóireacht agus Lónadóireacht | 18,681 | 24,841 | 16,621 | 21,805 |
| Cothabháil agus Deisiúcháin | 102,292 | 103,468 | 91,009 | 90,821 |
| Muirir Bhainc | 1,930 | 2,023 | 1,717 | 1,776 |
| Bainistíocht Taifead | 3,265 | 10,219 | 2,905 | 8,970 |
| | 1,210,564 | 1,308,373 | 1,077,039 | 1,148,451 |

*Sa bhliain 2016, rinne an Bord comhaontú chun cuid den bhunurlár den Oifig i gCorcaigh a ligean ar léas le Coimisinéirí na nOibreacha Poiblí in Éirinn (Oifig na nOibreacha Poiblí) ar feadh tréimhse 10 mbliana. Is é €76,667 in aghaidh na bliana an cíos bliantúil don léas sin, rud atá iníoctha ina thráthchodanna ráithiúla.

**B'ionann na costais a tabhaíodh ar an Taisteal Eachtrach sa bhliain 2020 agus €1,319/£1,174 (2019: €8,037/£7,055).

***B'ionann an ghné fáilteachais de na costais sa bhliain 2020 agus €0/£0 (2019: €7,625/£6,693).

## 5. Caiteachas faoin gClár Taighde

| | 2020 € | 2019 € | 2020 £ | 2019 £ |
|---|---|---|---|---|
| Eolaíocht Bia | 599,222 | 324,825 | 533,128 | 285,122 |
| Sláinte an Duine agus Cothú | 237,669 | 319,095 | 211,454 | 280,092 |
| Tionscadail Socrúcháin Taighde | 68,971 | 99,015 | 61,363 | 86,912 |
| Tionscnaimh Bhia Pobail | 258,199 | 228,274 | 229,720 | 200,372 |
| | 1,164,061 | 971,209 | 1,035,665 | 852,498 |

# Nótaí leis na Cuntais (ar lean)

## 6. Sócmhainní Seasta

| | Trealamh Oifige € | Costas Réadmhaoine agus Feistithe € | Daingneáin agus Feistis € | Trealamh agus Bogearraí Ríomhaire € | Iomlán € |
|---|---|---|---|---|---|
| **Costas nó Luacháil** | | | | | |
| Ag an 1 Eanáir 2020 | 233,037 | 1,811,949 | 336,705 | 511,504 | 2,893,195 |
| Breiseanna | 0 | 0 | 45,055 | 25,436 | 70,491 |
| Diúscairtí | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Ag an 31 Nollaig 2020 | 233,037 | 1,811,949 | 381,760 | 536,940 | 2,963,686 |
| **Dímheas** | | | | | |
| Ag an 1 Eanáir 2020 | 228,738 | 1,308,963 | 254,843 | 484,000 | 2,276,544 |
| Soláthar don bhliain | 1,401 | 70,758 | 17,538 | 35,052 | 124,749 |
| Diúscairtí | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Ag an 31 Nollaig 2020 | 230,139 | 1,379,721 | 272,381 | 519,052 | 2,401,293 |
| **Glanluach de réir na Leabhar ag an 31 Nollaig 2020** | 2,898 | 432,228 | 109,379 | 17,888 | 562,393 |
| **Glanluach de réir na Leabhar ag an 31 Nollaig 2019** | 4,299 | 502,986 | 81,862 | 27,504 | 616,651 |

| | Trealamh Oifige £ | Costas Réadmhaoine agus Feistithe £ | Daingneáin agus Feistis £ | Trealamh agus Bogearraí Ríomhaire £ | Iomlán £ |
|---|---|---|---|---|---|
| **Costas nó Luacháil** | | | | | |
| Ag an 1 Eanáir 2020 | 198,268 | 1,541,606 | 286,469 | 435,187 | 2,461,530 |
| Coigeartú Malairte | 11,239 | 87,391 | 16,660 | 24,907 | 140,197 |
| Breiseanna | 0 | 0 | 40,085 | 22,631 | 62,716 |
| Diúscairtí | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Ag an 31 Nollaig 2020 | 209,507 | 1,628,997 | 343,214 | 482,725 | 2,664,443 |
| **Dímheas** | | | | | |
| Ag an 1 Eanáir 2020 | 194,610 | 1,113,665 | 216,821 | 411,787 | 1,936,883 |
| Coigeartú Malairte | 11,046 | 63,793 | 12,454 | 23,670 | 110,963 |
| Breiseanna | 1,246 | 62,953 | 15,604 | 31,186 | 110,989 |
| Diúscairtí | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Ag an 31 Nollaig 2020 | 206,902 | 1,240,411 | 244,879 | 466,643 | 2,158,835 |
| **Glanluach de réir na Leabhar ag an 31 Nollaig 2020** | 2,605 | 388,586 | 98,335 | 16,082 | 505,608 |
| **Glanluach de réir na Leabhar ag an 31 Nollaig 2019** | 3,658 | 427,941 | 69,648 | 23,400 | 524,647 |

# Nótaí leis na Cuntais (ar lean)

## 7. Suimeanna Infhaighte

| | 2020<br>€ | 2019<br>€ | 2020<br>£ | 2019<br>£ |
|---|---|---|---|---|
| **Suimeanna Infhaighte** | 29,504 | 55,664 | 26,525 | 47,359 |
| Réamhíocaíochtaí agus Ioncam Fabhraithe | 203,562 | 200,149 | 183,008 | 170,287 |
| | 233,066 | 255,813 | 209,533 | 217,646 |

## 8. Suimeanna iníoctha (suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin)

| | 2020<br>€ | 2019<br>€ | 2020<br>£ | 2019<br>£ |
|---|---|---|---|---|
| **Suimeanna Iníoctha agus Fabhruithe** | 521,076 | 511,424 | 468,463 | 435,120 |

## 9. Cúlchiste Deontais Chaipitil

| | 2020<br>€ | 2019<br>€ | 2020<br>£ | 2019<br>£ |
|---|---|---|---|---|
| Iarmhéid Tosaigh | 616,651 | 718,854 | 524,647 | 643,036 |
| Breiseanna Caipitil | 70,491 | 27,520 | 62,716 | 24,156 |
| Diúscairtí Caipitil – Costas | 0 | (383,178) | 0 | (336,342) |
| Diúscairtí Caipitil – Dímheas | 0 | 383,178 | 0 | 336,342 |
| Coigeartú Aistriú Airgeadra | | | 29,234 | (28,678) |
| Lúide an tsuim a eisíodh chuig an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais * | (124,749) | (129,723) | (110,989) | (113,867) |
| | 562,393 | 616,651 | 505,608 | 524,647 |

| ***Suim a eisíodh chuig an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais** | **2020<br>€** | **2019<br>€** | **2020<br>£** | **2019<br>£** |
|---|---|---|---|---|
| **Suim a amúchadh ar aon dul le dímheas** | (124,749) | (129,723) | (110,989) | (113,867) |
| | (124,749) | (129,723) | (110,989) | (113,867) |

# Nótaí leis na Cuntais (ar lean)

## 10. Glan-Insreabhadh Airgid/(Glan-Eis-Sreabhadh Airgid) ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin

| | 2020 € | 2019 € | 2020 £ | 2019 £ |
|---|---|---|---|---|
| Barrachas/(Easnamh) don tréimhse | 625,326 | 190,368 | 556,353 | 167,099 |
| Aistriú chuig an gCúlchiste Deontais Chaipitil | (124,749) | (129,723) | (110,989) | (113,867) |
| Muirir Dhímheasa | 124,749 | 129,723 | 110,989 | 113,867 |
| (Méadú)/Laghdú i bhFéichiúnaithe | 22,747 | 59,747 | 8,113 | 64,632 |
| Méadú/(Laghdú) i gCreidiúnaithe | 9,652 | (48,982) | 33,343 | (66,180) |
| Coigeartú Aistriú Airgeadra | | | 32,091 | (20,617) |
| | 657,725 | 201,133 | 629,900 | 144,934 |

Léirítear sa choigeartú aistriú airgeadra an méid gluaiseachta i luach na sócmhainní agus na ndliteanas reatha, ar gluaiseacht í is féidir a chur síos don athrú i rátaí malairte le linn na bliana.

## 11. Anailís ar na hiarmhéideanna airgid, mar atá léirithe sa Chlár Comhardaithe

| | Ag an 01.01.20 € | Sreabhadh Airgid € | Ag an 31.12.20 € |
|---|---|---|---|
| Cuntas Euro | 274,455 | 76,195 | 350,650 |
| Cuntas Steirling | 518,347 | 577,171 | 1,095,518 |
| Cuntas Taisce | 52 | 0 | 52 |
| Mionairgead | 450 | (285) | 165 |
| Cártaí Creidmheasa | 6,732 | 4,644 | 11,376 |
| Iomlán | 800,036 | 657,725 | 1,457,761 |

| | Ag an 01.01.20 £ | Sreabhadh Airgid £ | Ag an 31.12.20 £ |
|---|---|---|---|
| Cuntas Euro | 233,506 | 81,739 | 315,245 |
| Cuntas Steirling | 441,010 | 543,894 | 984,904 |
| Cuntas Taisce | 44 | 3 | 47 |
| Mionairgead | 383 | (235) | 148 |
| Cártaí Creidmheasa | 5,728 | 4,499 | 10,227 |
| Iomlán | 680,671 | 629,900 | 1,310,571 |

# Nótaí leis na Cuntais (ar lean)

## 12. Gníomhaíochtaí Cur Chun Cinn

| | 2020 € | 2019 € | 2020 £ | 2019 £ |
|---|---|---|---|---|
| Costais Meán | 1,655,385 | 2,027,991 | 1,472,796 | 1,780,110 |
| Costais Mhargaíochta | 433,531 | 514,859 | 385,712 | 451,928 |
| Imeachtaí | 15,996 | 95,766 | 14,232 | 84,060 |
| Foilseacháin | 16,471 | 52,686 | 14,654 | 46,246 |
| Urraíocht Tionscadal agus Comhdhálacha | 69,893 | 236,381 | 62,184 | 207,488 |
| Forbairt Oideachasúil | 121,516 | 119,282 | 108,113 | 104,702 |
| Gníomhaíochtaí Líne Cabhrach | 17,458 | 10,571 | 15,532 | 9,279 |
| | 2,330,250 | 3,057,536 | 2,073,223 | 2,683,813 |

## 13. Cúlchiste Ginearálta

| | 2020 € | 2019 € | 2020 £ | 2019 £ |
|---|---|---|---|---|
| Iarmhéid Tosaigh | 544,425 | 354,057 | 463,197 | 316,715 |
| Barrachas/(Easnamh) | 625,326 | 190,368 | 556,353 | 167,099 |
| Coigeartú Aistriú Airgeadra | | | 32,091 | (20,617) |
| **Iarmhéid Deiridh** | 1,169,751 | 544,425 | 1,051,641 | 463,197 |

## 14. Idirbhearta Páirtithe Gaolmhara

Tá an Bord um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia ina chomhlacht forfheidhmithe trasteorann a n-urraíonn an Roinn Sláinte (Éire) agus an Roinn Sláinte (Tuaisceart Éireann) é, ar ranna iad a meastar gur páirtithe gaolmhara iad. Ba iad na ranna sin a chistigh an Bord um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia go príomha le linn na bliana agus bhí idirbhearta éagsúla ag an mBord leo. Ní dhearna aon chomhalta Boird, aon phríomhbhainisteoir ná aon pháirtí gaolmhar eile aon idirbhearta ábhartha leis an mBord um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia le linn na bliana.

## 15. Caiteachas Caipitil Amach Anseo

Ní raibh aon cheangaltais chaipitil ar an mBord um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia ag an 31 Nollaig 2020.

# Nótaí leis na Cuntais (ar lean)

## 16. Léasanna/Ceangaltais

### a) Léasanna Oibriúcháin

Tá ceangaltais léasa bhliantúla ar an mBord i leith léasanna oibriúcháin ar réadmhaoine ar a n-éagfaidh na téarmaí léasa mar a leanas:

| | 31.12.20 € | 31.12.19 € | 31.12.20 £ | 31.12.19 £ |
|---|---|---|---|---|
| Laistigh de Bhliain Amháin | - | - | - | - |
| Idir Dhá Bhliain agus Cúig Bliana | 190,000 | 190,000 | 170,816 | 161,652 |
| Tar éis Cúig Bliana | 293,333 | 293,333 | 263,715 | 249,568 |
| | 483,333 | 483,333 | 434,531 | 411,220 |

Sa bhliain 2016, rinne an Bord comhaontú chun cuid den bhunurlár den Oifig i gCorcaigh a ligean ar léas le Coimisinéirí na nOibreacha Poiblí in Éirinn (Oifig na nOibreacha Poiblí) ar feadh tréimhse 10 mbliana. Is é €76,667 in aghaidh na bliana an cíos bliantúil don léas sin, rud atá iníoctha ina thráthchodanna ráithiúla.

Tá an cíos bliantúil foriomlán atá iníoctha i leith áitribh léasaithe miondealaithe mar a leanas:

**Cíosanna atá iníoctha/(infhaighte)**

| | Dáta Éaga | 31.12.20 € | 31.12.19 € | 31.12.20 £ | 31.12.19 £ |
|---|---|---|---|---|---|
| Corcaigh | 2026 | 370,000 | 370,000 | 332,641 | 314,796 |
| Foléas i gCorcaigh | 2026 | (76,667) | (76,667) | (68,926) | (65,228) |
| Baile Átha Cliath | 2021 | 190,000 | 190,000 | 170,816 | 161,652 |
| Costais Bhliantúla Iomlána (Glanchostais) | | 483,333 | 483,333 | 434,531 | 411,220 |

Tá an t-íoscheangaltas léasa iomlán amach anseo miondealaithe mar a leanas:

**Íoscheangaltais Léasa Amach Anseo**

| | Dáta Éaga | 31.12.20 € | 31.12.19 € | 31.12.20 £ | 31.12.19 £ |
|---|---|---|---|---|---|
| Corcaigh | 2026 | 2,127,500 | 2,497,500 | 1,912,686 | 2,124,873 |
| Foléas i gCorcaigh | 2026 | (396,062) | (472,729) | (356,072) | (402,198) |
| Baile Átha Cliath | 2021 | 190,000 | 380,000 | 170,816 | 323,304 |
| Ceangaltas Léasa Iomlán Amach Anseo (Glancheangaltas) | | 1,921,438 | 2,404,771 | 1,727,430 | 2,045,979 |

### b) Ceangaltais Eile

Bhí ceangaltais eile €1,057,351/£950,590 (2019: €1,126,400/£958,341) ar an mBord i leith conarthaí ceadaithe taighde ag an 31 Nollaig 2020.

# Nótaí leis na Cuntais (ar lean)

## 17. Sochair Scoir

Is é atá sa scéim sochar scoir ná roinnt ranna a bhfuil struchtúir dhifriúla sochar ag baint leo. Is iad seo na príomhranna:

An Chroíroinn Tuarastail Deiridh - is socrú pinsin tuarastail deiridh é seo, áit a bhfuil na sochair múnlaithe ar an roinn Chlasaiceach den Phríomhscéim Pinsean Státseirbhíse i dTuaisceart Éireann. Leis an scéim, soláthraítear sochar scoir (ochtóduithe in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce nó cnapshuim (trí ochtódú in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin do chéilí agus do leanaí. Is í an Ghnáthaois Scoir ná 60ú breithlá an chomhalta. Méadaítear na Sochair Scoir atá á n-íoc (agus atá á n-iarchur) ar aon dul le boilsciú ginearálta praghsanna.

An Chroíroinn Alfa - is socrú sochair scoir atá bunaithe ar thuilleamh meánaithe athluacháilte gairme é seo, áit a bhfuil na sochair múnlaithe ar an roinn Alfa den Phríomhscéim Pinsean Státseirbhíse i dTuaisceart Éireann. Leis an scéim, soláthraítear sochar scoir atá bunaithe ar chéatadán (2.32%) de phá inphinsin do gach bliain comhaltais ghníomhaigh (méadaítear an sochar scoir i dtús gach bliana scéime ar aon dul le boilsciú ginearálta praghsanna) agus pinsin do chéilí agus do leanaí. Is í an Ghnáthaois Scoir ná Aois Pinsin Stáit an chomhalta sa dlínse lena mbaineann. San am i láthair, b’ionann an aois sin agus 67 mbliana d’aois, 68 mbliana d’aois nó idir 67 mbliana d’aois agus 68 mbliana d’aois sa Ríocht Aontaithe agus b’ionann í agus 68 mbliana d’aois in Éirinn. Méadaítear na Sochair Scoir atá á n-íoc (agus atá á n-iarchur) ar aon dul le boilsciú ginearálta praghsanna.

Beidh na sochair a carnadh i leith seirbhís a rinneadh suas go dtí an 31 Márta 2015 fós iníoctha tráth an scoir ar bhonn tuarastail deiridh. Dá bhrí sin, gheobhaidh formhór na gcomhaltaí den Chroíroinn sochair ón Roinn Tuarastail Deiridh agus ón Roinn Alfa araon agus, i bhformhór na gcásanna, éireoidh na daoine a rachaidh isteach sa Scéim tar éis an 1 Aibreán 2015 ina gcomhaltaí den Chroíroinn Alfa.

An Roinn Ceart Forchoimeádta - tugadh an rogha do gach Comhalta den Chroíroinn sa Deisceart athrú go catagóir comhaltais atá bunaithe ar an Scéim Aoisliúntais do Státseirbhísigh Bhunaithe (ar Scéim Státseirbhísigh na hÉireann í). Tháinig an cleachtadh roghanna chun deiridh an 31 Márta 2015 agus roghnaigh 14 fhostaí a gcatagóir comhaltais a athrú.

Tá an luacháil sochair scoir ag an 31 Nollaig 2020 bunaithe ar choinbhinsiún FRS 102 agus chuir achtúire cáilithe neamhspleách i gcrích í. Ullmhaíodh na torthaí don bhliain seo ach luacháil iomlán a dhéanamh ar dhliteanais na scéime, agus dálaí margaidh agus sonraí scéime ag an 31 Nollaig 2019 á gcur san áireamh. Is iad seo na príomhthoimhdí a úsáideadh chun dliteanais scéime a ríomh:

# **Nótaí leis na Cuntais** (ar lean)

## a) Na príomhthoimhdí achtúireacha a úsáideadh do na ríomhaireachtaí

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| Ráta lascaine (Éire) | 0.80% | 1.30% |
| Ráta lascaine (Tuaisceart Éireann) | 1.35% | 2.10% |
| Ráta boilscithe (Éire) | 1.05% | 1.15% |
| Ráta boilscithe (Tuaisceart Éireann) | 2.20% | 2.00% |
| Ráta méadaithe i dtuarastal (Éire) | 2.20% | 2.00% |
| Ráta méadaithe i dtuarastal (Tuaisceart Éireann) | 2.20% | 2.00% |
| **Ráta méadaithe i bpinsin (Éire):** | | |
| Comhaltaí den Chroíroinn | 1.05% | 1.15% |
| Gach comhalta eile | 2.20% | 2.00% |
| Ráta méadaithe i bpinsin (Tuaisceart Éireann) | 2.20% | 2.00% |
| Ráta malairte ag deireadh na bliana (Steirling : Euro) | 1.11 | 1.18 |
| Ráta malairte i lár na bliana (Steirling : Euro) | 1.12 | 1.14 |
| **An meánlíon blianta a mheastar a bheith fágtha ag na daoine seo a leanas agus iad 65 bliana d'aois** | | |
| Fear atá 65 bliana d'aois faoi láthair | 22.3 bliain | 22.0 bliain |
| Bean atá 65 bliana d'aois faoi láthair | 24.6 bliain | 23.9 bliain |
| Fear atá 45 bliana d'aois faoi láthair | 23.6 bliain | 23.4 bliain |
| Bean atá 45 bliana d'aois faoi láthair | 26.0 bliain | 25.4 bliain |

# **Nótaí leis na Cuntais** (ar lean)

## b) Gluaiseacht sa Ghlandliteanas Pinsin le linn na bliana airgeadais

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 | 2020 £'000 | 2019 £'000 |
|---|---|---|---|---|
| (Easnamh) sa dliteanas sochair scoir ag an 1 Eanáir | (16,225) | (13,152) | (13,804) | (11,765) |
| Sochair Scoir a íocadh le linn na bliana | 127 | 186 | 113 | 163 |
| Costas seirbhíse reatha | (942) | (662) | (838) | (581) |
| Creidmheas seirbhíse roimhe sin | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Glanaistrithe isteach sa scéim/(amach as an scéim) | 0 | 7 | 0 | 6 |
| Ioncam/(muirear) maoiniúcháin eile | (216) | (288) | (192) | (253) |
| Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach | (2,582) | (2,316) | (2,297) | (2,033) |
| Difríochtaí malairte – comparáidí Steirling | | | (817) | 659 |
| (Easnamh) sa dliteanas pinsin ag an 31 Nollaig | (19,838) | (16,225) | (17,835) | (13,804) |

Tá an anailís ar an ngluaiseacht (san easnamh) sa Phlean le linn na bliana mar a leanas

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 | 2020 £'000 | 2019 £'000 |
|---|---|---|---|---|
| Gnóthachan/(caillteanas) ar an athrú i dtoimhdí airgeadais | (2,318) | (2,354) | (2,062) | (2,066) |
| Gnóthachan/(caillteanas) de bharr athruithe i dtoimhdí déimeagrafacha | (168) | 0 | (149) | 0 |
| Gnóthachan/(caillteanas) ó thaithí | (96) | 38 | (85) | 33 |
| Gnóthachan/(caillteanas) de bharr gluaiseachtaí airgeadra | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Difríochtaí malairte – comparáidí Steirling | | | (1) | 0 |
| Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach | (2,582) | (2,316) | (2,297) | (2,033) |

Baineann an chuid is mó den chaillteanas achtúireach leis an athrú i dtoimhdí achtúireacha, ar dá mbarr a méadaíodh an luach a cuireadh ar na dliteanais.

# Nótaí leis na Cuntais (ar lean)

## c) Anailís ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain airgeadais

Tá an anailís ar an nglanchistiú iarchurtha le haghaidh sochar scoir mar a leanas:

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 | 2020 £'000 | 2019 £'000 |
|---|---|---|---|---|
| Costas seirbhíse reatha | 942 | 662 | 838 | 581 |
| Costas maoiniúcháin eile | 216 | 288 | 192 | 253 |
| Sochair Scoir a íocadh le linn na bliana | (127) | (186) | (113) | (163) |
| Glanaistrithe (amach as an scéim)/isteach sa scéim | 0 | (7) | 0 | (6) |
| | 1,031 | 757 | 917 | 665 |

Tá an anailís ar na costais seirbhíse reatha sochair scoir mar a leanas:

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 | 2020 £'000 | 2019 £'000 |
|---|---|---|---|---|
| Costas seirbhíse reatha | 942 | 662 | 838 | 581 |
| Costas maoiniúcháin eile | 216 | 288 | 192 | 253 |
| | 1,158 | 950 | 1,030 | 834 |

# Nótaí leis na Cuntais (ar lean)

## d) Cistiú Iarchurtha Sochair Scoir

De réir an chleachtais chuntasaíochta do chomhlachtaí neamhthráchtála Státurraithe in Éirinn, aithníonn an Bord um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia sócmhainn arb ionann í agus na hacmhainní atá le cur ar fáil ag Státchiste na Ríochta Aontaithe agus ag Státchiste na hÉireann don dliteanas iarchurtha neamhchistithe le haghaidh sochair scoir, bunaithe ar roinnt eachtraí san am atá thart. Áirítear leis na heachtraí sin an tacaíocht reachtúil do na scéimeanna aoisliúntais, mar aon leis an mbeartas agus leis an gcleachtas i dtaca le sochair scoir sheirbhíse poiblí a chistiú sa dá dhlínse, lena n-áirítear an próiseas meastachán bliantúil.

Cé nach bhfuil aon chomhaontú foirmiúil i bhfeidhm leis na comhlachtaí cistiúcháin maidir leis na suimeanna sonracha sin agus nach bhfuil aon ráthaíocht ann go bhfaighfear iad dá bharr sin, níl aon fhianaise ag an mBord um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia nach leanfaidh an beartas cistiúcháin sin ar aghaidh leis na suimeanna a íoc de réir an chleachtais reatha. Tá an cur chuige sin ar neamhréir leis an gcleachtas cuntasaíochta do Chomhlachtaí Neamhrannacha sa Ríocht Aontaithe, áit arb amhlaidh, in éagmais ráthaíocht fhoirmiúil, nach n-aithnítear dliteanas cistiúcháin go dtí go dtagann an ceangaltas chun bheith dlite.

B’ionann an tsócmhainn cistiúcháin iarchurtha le haghaidh sochair scoir amhail an 31 Nollaig 2020 agus €19.838m/£17.835m (2019: €16.225m/£13.804m).

| | 2020 €’000 | 2019 €’000 | 2020 £’000 | 2019 £’000 |
|---|---|---|---|---|
| Iarmhéid Tosaigh ag an 1 Eanáir | 16,225 | 13,152 | 13,804 | 11,765 |
| Méadú/(laghdú) i gCistiú Iarchurtha Pinsin | 3,613 | 3,073 | 4,031 | 2,039 |
| Iarmhéid ag an 31 Nollaig | 19,838 | 16,225 | 17,835 | 13,804 |

## e) Stair na nDliteanas Sochair Shainithe

| | 2020 €’000 | 2019 €’000 | 2018 €’000 | 2017 €’000 |
|---|---|---|---|---|
| (Easnamh) amhail an 31 Nollaig | (19,838) | (16,225) | (13,152) | (13,210) |
| Coigeartú ó thaithí ar dhliteanais, lena n-áirítear an gnóthachan/(caillteanas) de bharr an ráta malairte | (96) | 38 | (311) | 650 |
| Céatadán de Dhliteanais Scéime | 0.5% | 0.2% | 2.4% | 4.9% |

| | 2020 £’000 | 2019 £’000 | 2018 £’000 | 2017 £’000 |
|---|---|---|---|---|
| (Easnamh) amhail an 31 Nollaig | (17,835) | (13,804) | (11,765) | (11,720) |
| Coigeartú ó thaithí ar dhliteanais, lena n-áirítear an gnóthachan/(caillteanas) de bharr an ráta malairte | (85) | 33 | (275) | 570 |
| Céatadán de Dhliteanais Scéime | 0.5% | 0.2% | 2.4% | 4.9% |

# **Nótaí leis na Cuntais** (ar lean)

## f) Anailís íogaireachta

| Athrú i luach na ndliteanas | (€'000) |
|---|---|
| Ráta lascaine + 0.5% | (2,300) |
| Boilsciú + 0.5% | 2,700 |
| Mortlaíocht (bliain amháin níos óige) | (700) |

## 18. Dliteanais Theagmhasacha

Tionscnaíodh dhá chás binse fostaíochta i gcásanna McCloud agus Sargent in aghaidh Rialtas na Ríochta Aontaithe i ndáil le hidirdhealú féideartha i gcosaint idirthréimhseach a chur chun feidhme tar éis na n-athruithe a rinneadh ar an reachtaíocht um scéimeanna pinsean seirbhíse poiblí sa Ríocht Aontaithe sa bhliain 2015.

I mí na Nollag 2018, rialaigh an Chúirt Achomhairc gur eascair idirdhealú neamhdhleathach ar bhonn aoise as na cosaintí idirthréimhseacha. Cé gur iarr Rialtas na Ríochta Aontaithe cead chun achomharc a dhéanamh in aghaidh na breithe sin chuig an gCúirt Uachtarach, diúltaíodh don iarraidh sin an 27 Meitheamh 2019.

Leanann an Roinn Airgeadais (Tuaisceart Éireann) le hidirchaidreamh a dhéanamh le státchiste na Ríochta Aontaithe maidir le tograí le haghaidh dul i ngleic le hidirdhealú aoise sna mórscéimeanna seirbhíse poiblí mar thoradh ar an rialú i gcás McCloud. Ina theannta sin, táthar ag súil leis gur próiseas fada am-íditheach a bheidh sa phróiseas ceartúcháin. Beidh ar an bpróiseas aghaidh a thabhairt go cothrom ar shaincheist na bhfabhruithe pinsin ón mbliain 2015 i leith agus ar chásanna ina bhféadfadh go mbeadh daoine aonair níos fearr as i scéimeanna nua. Maidir leis sin, is féidir go mbeidh sé riachtanach baill foirne áirithe de chuid ***safe*food**, ar comhaltaí den Scéim Pinsean Thuaidh/Theas iad, a chúiteamh i leith aon idirdhealaithe a d'fhulaing siad mar thoradh ar chosaint idirthréimhseach.

Tá sé deacair tionchar an bhreithiúnais a mheas ag an am seo toisc go mbeidh sé ag brath ar an gcúiteamh a dhámhfar, ar mhéaduithe i dtuarastal iomlán comhaltaí, ar fhad seirbhíse comhaltaí, ar aois scoir comhaltaí agus ar cé acu a éireoidh nó nach n-éireoidh comhaltaí as seirbhís ghníomhach (agus ar cén uair a éireoidh siad aisti). Beidh sé riachtanach tuilleadh breithnithe a dhéanamh ar théarmaí aon socraíochta féideartha, rud a bheidh le ceadú ag an Roinn Airgeadais (Tuaisceart Éireann) agus ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (Éire) araon.

Ar an mbonn sin, ní dhearnadh aon soláthar don bhreithiúnas i gcásanna McCloud/Sargent sna cuntais.

Measann achtúire na Scéime Pinsean Thuaidh/Theas go mbeidh aon chúiteamh a bheidh iníoctha ag ***safe*food** cothrom le suas le €250,000 (2019: €250,000).

Ar leithligh uaidh sin, rinneadh aighneachtaí chuig an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre i ndáil le ranníocaíochtaí pinsin atá iníoctha ag baill foirne áirithe. Níor bhreithnigh an Coimisiún na cásanna sin go fóill agus, mar sin, ní dhearnadh aon soláthar dóibh sna ráitis airgeadais.

## 19. An Dáta a Údaraíodh Eisiúint

Rinne an Duine Cuntasach (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin) eisiúint na ráiteas airgeadais seo a údarú an 14/10/2021.

Aguisín 1

# Ordachán cuntas

## An Bord um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia

An t-ordachán cuntas a thug Roinn Sláinte an Tuaiscirt agus Roinn Sláinte an Deiscirt, le ceadú na Ranna Airgeadais ó Thuaidh agus ó Dheas, de réir an Ordaithe um Chomhoibriú Thuaidh/Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann), 1999, agus an Achta um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann, 1999.

Tabharfar sna cuntais bhliantúla léargas fírinneach cóir ar an ioncam, ar an gcaiteachas agus ar an sreabhadh airgid don bhliain airgeadais agus ar an staid gnóthaí amhail deireadh na bliana. Faoi réir an cheanglais sin, ullmhóidh an Comhlacht cuntais don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2018 agus do na blianta airgeadais ina diaidh de réir na nithe seo a leanas:


**a)** an Treoir maidir le Tuarascálacha Bliantúla agus Cuntais Bhliantúla na gComhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh/Theas;

**b)** treoir eile a eiseoidh na Ranna Airgeadais ó am go chéile i ndáil le cuntais a gceanglaítear go dtabharfaí léargas fírinneach cóir iontu; agus

**c)** aon nochtaí sonracha eile a cheanglaíonn na Ranna Urraíochta, ach amháin i gcás go gcomhaontófar a mhalairt leis na Ranna Airgeadais. Sa chás sin, tuairisceofar an eisceacht sna nótaí leis na cuntais.

Arna shíniú le húdarás na ranna seo a leanas

**An Roinn Sláinte (Tuaisceart Éireann)**



Dátaithe
1 Deireadh Fómhair
2019

**An Roinn Sláinte (Éire)**




Dátaithe
30 Deireadh Fómhair
2019

Chun faisnéis a fháil, cuardaigh safefood






7 Eastgate Avenue, Eastgate, Little Island, Co. Cork, T45 RX01
7 Ascaill an Gheata Thoir, An tOileán Beag, Co. Chorcaí, T45 RX01
7 Aistyett Avenue, Aistyett, Wee Isle, Co. Cork, T45 RX01

**Teil.** +353 (0)21 230 4100
**Ríomhphost** info@safefood.net


safefood